C/2026/2837

28.5.2026

TUAIRIM ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 9 Aibreán 2026

ar thograí maidir le comhtháthú na margaí caipitil agus an mhaoirseacht orthu a fhorbairt a thuilleadh laistigh den Aontas

(CON/2026/13)

(C/2026/2837)

Réamhrá agus bunús dlí

An 17 Nollaig 2025, an 12 Eanáir 2026 agus an 3 Márta 2026, fuair an Banc Ceannais Eorpach (BCE) iarrataí ó Pharlaimint na hEorpa agus ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh, faoi seach, ar thuairim maidir leis na tograí seo a leanas: (1) togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1095/2010, Uimh. 648/2012, Uimh. 600/2014, Uimh. 909/2014, 2015/2365, 2019/1156, 2021/23, 2022/858, 2023/1114, Uimh. 1060/2009, 2016/1011, 2017/2402, 2023/2631 agus 2024/3005 a mhéid a bhaineann le tuilleadh forbartha a dhéanamh i ndáil leis an gcomhtháthú margaidh caipitil agus maoirseacht laistigh den Aontas ([1]) (dá ngairtear an 'máistir-rialachán atá beartaithe' anseo feasta) ([2]); (2) togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoracha 2009/65/CE, 2011/61/AE agus 2014/65/AE a mhéid a bhaineann le comhtháthú na margaí caipitil agus an mhaoirseacht orthu a fhorbairt tuilleadh laistigh den Aontas ([3]) (dá ngairtear an 'mháistir-treoir atá beartaithe' anseo feasta ([4])); agus (3) togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le críochnaitheacht socraíochta agus lena n-aisghairtear Treoir 98/26/CE agus lena leasaítear Treoir 2002/47/CE maidir le socruithe comhthaobhachta airgeadais ([5]) (dá ngairtear an 'rialachán maidir le críochnaitheacht socraíochta' anseo feasta) (gairtear 'tograí ón gCoimisiún' de na tograí sin le chéile anseo feasta).

Tá inniúlacht BCE tuairim a thabhairt bunaithe ar Airteagail 127(4) agus 282(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ós rud é go bhfuil forálacha sna tograí ón gCoimisiún a thagann faoi réimsí inniúlachta BCE, lena n-áirítear, go háirithe, cur chun feidhme an bheartais airgeadaíochta de bhun Airteagal 127(2), an chéad fhleasc, agus Airteagal 282(1) den Chonradh, oibriú rianúil na gcóras íocaíochta de bhun Airteagal 127(2), an ceathrú fleasc, agus Airteagal 282(1) den Chonradh, maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa de bhun Airteagal 127(6) den Chonradh agus rannchuidiú le seoladh rianúil beartas arna saothrú ag na húdaráis inniúla a bhaineann le cobhsaíocht an chórais airgeadais de bhun Airteagal 127(5) den Chonradh. I gcomhréir leis an gcéad abairt d'Airteagal 17.5 de Rialacha Nós Imeachta an Bhainc Ceannais Eorpaigh, tá an Chomhairle Rialaithe tar éis an tuairim seo a ghlacadh.

1. **Barúlacha ginearálta**

1.1. Tacaíonn BCE go hiomlán leis na tograí ón gCoimisiún, ar céim uaillmhianach iad i dtreo comhtháthú mhargaí caipitil níos doimhne agus comhtháthú maoirseachta ar mhargaí airgeadais níos doimhne laistigh den Aontas. Mar a tugadh faoi deara i ráiteas 2024 ó Chomhairle Rialaithe BCE ([6]), le dul chun cinn i dtreo margaí caipitil níos comhtháite neartófaí comhroinnt riosca phríobháideach ar fud an limistéir euro, rud a chuideodh leis an bhfás a chobhsú nuair a bhíonn suaití áitiúla roimh na Ballstáit nach féidir le beartas airgeadaíochta freagairt go hiomlán dóibh. Chuideodh córas airgeadais níos comhtháite freisin le hilroinnt airgeadais a mhaolú agus thacódh sé le tarchur éifeachtach an bheartais airgeadaíochta ar fud an limistéir euro. Ina theannta sin, d'fhéadfadh córas airgeadais níos comhtháite ina bhfuil margaí níos leithne, níos doimhne agus níos leachtaí deiseanna éagsúlaithe a mhéadú. Tá margaí caipitil doimhne, éagsúlaithe agus dea-fhorbartha, a bhfuil tacaíocht chreata rialála agus mhaoirseachta comhchuibhithe acu, fíor-riachtanach chun infheistíochtaí intíre agus trasteorann ar fud na mBallstát a fheabhsú, chun feabhas a chur ar rochtain ghnólachtaí ar mhaoiniú, chun borradh a chur faoin iomaíochas agus, ar deireadh, chun tacú le fás eacnamaíoch inbhuanaithe ar fud an Aontais ([7]).

([1]) COM(2025) 943 final.
([2]) Baineann an iarraidh ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh le hAirteagail 2, 3, 4, 5, 7, 8, 9, 10, 11 agus 12 den mháistir-rialachán atá beartaithe.
([3]) COM(2025) 942 final.
([4]) Baineann an iarraidh ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh le hAirteagal 3 den mháistir-treoir atá beartaithe.
([5]) COM(2025) 941 final.
([6]) Féach an Ráiteas ó Chomhairle Rialaithe BCE maidir le hAontas na Margaí Caipitil a chur chun cinn, an 7 Márta 2024, atá le fáil ar shuíomh gréasáin BCE ag www.ecb.europa.eu.
([7]) Féach an freagra ón gCóras Eorpach Banc Ceannais (CEBC) ar chomhairliúchán spriocdhírithe an Choimisiúin Eorpaigh maidir le comhtháthú mhargaí caipitil an Aontais, Meitheamh 2025, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin BCE ag www.ecb.europa.eu.

1.2. Ar an gcéad dul síos, is díol sásaimh do BCE an t-aistriú i dtreo maoirseacht chomhtháite ar mhargaí caipitil an Aontais, go háirithe maoirseacht dhíreach ar ghníomhaithe margaidh caipitil móra agus trasteorann áirithe ar an leibhéal Eorpach. Tacaíonn BCE go hiomlán le hiarrachtaí chun a áirithiú go mbeidh rialachas Eorpach agus neamhspleách, acmhainní leordhóthanacha agus cumhachtaí maoirseachta cuimsitheacha ag an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (European Securities and Markets Authority, ESMA), agus go ndéanfaidh sé maoirseacht dhíreach ar na gníomhaithe margaidh caipitil trasteorann is sistéamaí, i gcomhar lena maoirseoirí náisiúnta ([8]). Ba cheart do na húdaráis inniúla náisiúnta leanúint de ról fóinteach substaintiúil a bheith acu sa chreat maoirseachta nua, chun a saineolas fairsing a ghiaráil.

1.3. Ar an dara dul síos, is díol sásaimh do BCE go gcuirfidh na tograí ón gCoimisiún feabhas ar chóineasú maoirseachta. Áirítear orthu sin, i measc nithe eile, an fhoráil nua maidir leis an dualgas comhair ([9]), an chumhacht nua atá beartaithe do ESMA chun a cheangal ar údarás inniúil tuairim ESMA a lorg i gcásanna inar sainaithníodh teipeanna tromchúiseacha maoirseachta in athbhreithniú piaraí nó in imscrúdú piaraí ([10]), agus ardáin chomhair a thabhairt isteach, chun comhar agus maoirseacht ar ghníomhaíochtaí trasteorann a fheabhsú ([11]).

1.4. Ar an tríú dul síos, is díol sásaimh do BCE go gcuirfidh na tograí ón gCoimisiún deireadh le bacainní ar chomhtháthú trasteorann ar fud thrádála, iarthrádála, agus earnálacha na bainistíochta sócmhainní agus na gcistí. Tá na hiarrachtaí sin ríthábhachtach chun feabhas a chur ar dhoimhneacht agus leachtacht mhargaí caipitil na hEorpa, chun tacú le leithdháileadh éifeachtúil caipitil thar theorainneacha, chun cistiú a dhíriú ar infheistíochtaí táirgiúla, agus ar deireadh chun tacú le hiomaíochas na hEorpa agus le ról idirnáisiúnta an euro.

1.5. Ar deireadh, tacaíonn BCE leis go n-éascófar glacadh teicneolaíochtaí nua amhail teicneolaíocht mórleabhar dáilte (TMD) a thuilleadh leis na tograí ón gCoimisiún, go háirithe san earnáil iarthrádála, agus oiriúnú comhfhreagrach an chreata rialála. Ba cheart do na céimeanna sin rannchuidiú le hilroinnt an mhargaidh a chosc agus a mhaolú, bainistiú riosca fónta a áirithiú atá comhréireach leis na rioscaí a bhaineann le gníomhaíochtaí margaidh, agus cothrom iomaíochta a chur chun cinn do ghníomhaithe margaidh.

1.6. Sa chuid eile den Tuairim seo, cuireann BCE roinnt barúlacha agus moltaí sonracha, teicniúla ar fáil maidir leis na tograí ón gCoimisiún, a thacaíonn go hiomlán le cuspóirí na dtograí.

2. **An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA)**

2.1. *Rialachas, cistiú agus cumhachtaí díreacha maoirseachta*

2.1.1. Tacaíonn BCE go hiomlán leis na leasuithe ar chreat rialachais agus cistiúcháin ESMA. Tá na leasuithe sin fíor-riachtanach chun é a chur ar chumas ESMA a fhreagrachtaí nua a chomhlíonadh, agus chun cinnteoireacht thrédhearcach, chuntasach, éifeachtach agus éifeachtúil a chur chun cinn ar leibhéal an Aontais. Go háirithe, is díol sásaimh do BCE bunú, dearadh agus feidhmeanna Bhord Feidhmiúcháin ESMA atá beartaithe, atá freagrach as cinntí a bhaineann le maoirseacht dhíreach ar rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais. Tugann BCE dá aire go mbeidh sé fíor-riachtanach a áirithiú go mbeidh soláthar foirne agus cistiú leordhóthanach ag ESMA chun a chur ar a chumas a chumhachtaí maoirseachta díreacha fairsinge nua a chur i gcrích. Chuige sin, i gcás ina bhfuil údaráis inniúla náisiúnta (ÚINanna) rannpháirteach i bhfeidhmiú chumhachtaí maoirseachta díreacha ESMA, beidh sé

([8]) Féach an Ráiteas ó Chomhairle Rialaithe BCE maidir le hAontas na Margaí Caipitil a chur chun cinn, an 7 Márta 2024, atá le fáil ar shuíomh gréasáin BCE ag www.ecb.europa.eu.

([9]) Féach Airteagal 1, pointe (7), den mháistir-rialachán atá beartaithe, lena gcuirtear Airteagal 8a nua isteach i Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1095/oj)(dá ngairtear 'Rialachán ESMA' anseo feasta).

([10]) Féach Airteagal 1, pointe (13), den mháistir-rialachán atá beartaithe, lena gcuirtear Airteagal 17aa nua isteach sa Rialachán ESMA.

([11]) Féach Airteagal 1, pointe (16), den mháistir-rialachán atá beartaithe, lena gcuirtear Airteagal 19a nua isteach sa Rialachán ESMA.

ríthábhachtach soiléireacht a sholáthar maidir leis na gealltanais acmhainní faoi seach ó ESMA agus ó ÚINanna, agus a áirithiú go gcomhlíonfar na gealltanais sin. Ar deireadh, bunaithe ar thaithí BCE féin ina ról mar mhaoirseoir baincéireachta, tacaíonn BCE go hiomlán leis na cumhachtaí cuimsitheacha imscrúdúcháin, smachtbhannaí agus forfheidhmiúcháin a thugtar do ESMA ([12]), atá bunriachtanach chun forfheidhmiú éifeachtach na gceanglas rialála laistigh den Aontas a chothú ([13]).

2.1.2. Chun aistriú inniúlachtaí agus dualgas ó na húdaráis inniúla náisiúnta chuig ESMA atá rianúil agus ordúil a áirithiú, agus chun am leordhóthanach a cheadú le haghaidh forbartha acmhainní, tacaíonn BCE le cur chun feidhme an aistrithe sin atá seicheamhaithe go cúramach. Is féidir é sin a bhaint amach trí mheascán beart, lena n-áirítear réitigh idirthréimhseacha i socruithe comhair ([14]), pleananna aistrithe maoirseachta a ullmhú ([15]), tosaíocht a thabhairt d'aistriú freagrachtaí criticiúla sonracha chuig ESMA, agus, i gcás inarb iomchuí, trí shocruithe idirthréimhseacha céimnithe lena ngabhann amlínte solúbtha.

2.2. *Rannpháirtíocht BCE i mBord Feidhmiúcháin ESMA agus i mBord Maoirseoirí ESMA*

2.2.1. Is díol sásaimh do BCE go bhforáiltear sna tograí ón gCoimisiún go mbeidh BCE ina chomhalta gan ceart vótála de Bhord Feidhmiúcháin ESMA ina bpléitear cúrsaí maoirseachta i ndáil le contrapháirtí lárnach (CPL) nó taisclann lárnach urrús (TLU) ([16]). Ina theannta sin, ba cheart do BCE a bheith ina chomhalta gan ceart vótála le haghaidh plé a bhaineann le soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní (SSCSanna), i bhfianaise na seirbhísía chuireann SSCSanna ar fáil i ndáil le cumhdach agus malartú comharthaí ríomh-airgid (e-money tokens, EMTanna) agus comharthaí sócmhainn-tagartha. Tá impleachtaí ag na seirbhísí sin do chúraimí BCE a bhaineann le hoibriú rianúil na gcóras íocaíochta agus tarchur an bheartais airgeadaíochta. Éascófar comhar agus comhordú éifeachtach idir BCE agus ESMA le comhaltas gan ceart vótála BCE de Bhord Feidhmiúcháin ESMA. Chuige sin, ba cheart go gcuimseodh rannpháirtíocht BCE ní hamháin plé ar chúrsaí maoirseachta, ach gach ábhar a bhaineann le CPLanna, TLUnna agus SSCSanna ([17]). Áiritheofar leis sin gur féidir dearcadh agus saineolas BCE a chur san áireamh ní hamháin i ndáil le cinntí maoirseachta aonair, ach freisin i ndáil le caighdeáin theicniúla, treoirlínte, moltaí agus uirlisí cóineasaithe eile, de réir mar is ábhartha, i leith CPLanna, TLUnna agus SSCSanna.

2.2.2. Mar a tugadh faoi deara i dtuairimí roimhe seo, molann BCE freisin gur cheart dó a bheith ina chomhalta gan ceart vótála de Bhord Maoirseoirí ESMA ([18]). Chuirfeadh sé sin tuilleadh feabhais ar éifeachtacht an chomhair, an chomhordaithe agus an mhalartaithe faisnéise idir BCE, ESMA agus na húdaráis eile a bhfuil ionadaíocht acu ar Bhord Maoirseoirí ESMA, agus ar an gcaoi sin daingneofaí comhordú trasearnála i ndáil le cobhsaíocht an chórais airgeadais. D'áiritheofaí leis sin freisin go ndéanfadh na huirlisí cóineasaithe maoirseachta, arna nglacadh ag Bord Maoirseoirí ESMA, peirspictíocht agus saineolas BCE a chur san áireamh agus go mbainfidís tairbhe astu ([19]).

([12]) Féach Airteagal 1, pointe (27), den mháistir-rialachán atá beartaithe, lena gcuirtear Caibidil IIa nua isteach sa Rialachán ESMA.

([13]) Féach mír 7 de Thuairim CON/2022/16 ón mBanc Ceannais Eorpach an 27 Aibreán 2022 maidir le togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2013/36/AE a mhéid a bhaineann le cumhachtaí maoirseachta, smachtbhannaí, brainsí tríú tír, riosca comhshaoil, sóisialta agus rialachais (IO C 248, 30.6.2022, lch. 87). Foilsítear tuairimí uile BCE ar EUR-Lex.

([14]) Féach, mar shampla, Airteagal 1, pointe (7), den mháistir-rialachán atá beartaithe, lena gcuirtear Airteagal 8a(5), pointe (b), nua isteach sa Rialachán ESMA.

([15]) Féach, mar shampla, Airteagal 3, pointe (13), den mháistir-rialachán atá beartaithe, lena gcuirtear Airteagal 38fb(6) nua isteach i Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 173, 12.6.2014, lch. 84, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/600/oj) (dá ngairtear 'MiFIR' anseo feasta).

([16]) Féach Airteagal 1, pointe (33) den mháistir-rialachán atá beartaithe, lena gcuirtear Airteagal 44a(2) nua isteach sa Rialachán ESMA.

([17]) Féach Airteagal 1, pointe (39), den mháistir-rialachán atá beartaithe, lena gcuirtear Airteagal 46a nua sa Rialachán ESMA. Foráiltear le hAirteagal 46a(2) agus (5) atá beartaithe go bhféadfaidh Bord Feidhmiúcháin ESMA tuairimí a thabhairt agus tograí a dhéanamh maidir le gach ábhar a bheidh le cinneadh ag an mBord Maoirseoirí agus nach mór dó cinntí a ghlacadh maidir le huirlisí cóineasaithe maoirseachta sonraithe eile. Féach Airteagal 1, pointe (39), den rialachán atá beartaithe.

([18]) Féach, mar shampla, mír 7 de Thuairim CON/2017/39 ón mBanc Ceannais Eorpach an 4 Deireadh Fómhair 2017 maidir le togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí) agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 i dtaca leis na nósanna imeachta agus na húdaráis a bhaineann le CPLanna a údarú agus na ceanglais maidir le CPLanna tríú tír a aithint (IO C 385, 15.11.2017, lch. 3). Féach freisin Tuairim CON/2010/5 ón mBanc Ceannais Eorpach an 8 Eanáir 2010 maidir le trí thogra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Údarás Baincéireachta Eorpach, Údarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde agus Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (IO C 13, 20.1.2010, lch. 1).

([19]) Áirítear orthu sin tuairimí, treoirlínte, moltaí, cinntí agus caighdeáin theicniúla rialála agus cur chun feidhme rna nglacadh ag Bord Maoirseoirí ESMA.

2.3. *Rannpháirtíocht BCE i gcoistí inmheánacha ESMA*

2.3.1. Is díol sásaimh do BCE go bhforáiltear sna tograí ón gCoimisiún go mbeidh sé de cheart ag BCE, ó thaobh an bhainc ceannais eisiúna de, a bheith ina chomhalta gan ceart vótála de choistí inmheánacha arna mbunú ag Bord Maoirseoirí ESMA ([20]) nó ag Bord Feidhmiúcháin ESMA ([21]), i gcás ina bpléitear cúrsaí maoirseachta i ndáil le CPLanna agus TLUnna sna coistí sin. Mar a tugadh faoi deara i mír 2.2.1, ba cheart go gcuimseodh an comhaltas sin ní hamháin plé ar chúrsaí maoirseachta, ach gach ábhar a bhaineann le CPLanna, TLUnna agus SSCSanna freisin.

2.3.2. Ina theannta sin, ba chóir go mbeadh an ceart ag BCE, ina ról mar mhaoirseoir baincéireachta, a bheith ina chomhalta gan ceart vótála de choistí inmheánacha, i gcás ina bpléitear aon ábhair a bhféadfadh impleachtaí a bheith acu d'institiúidí creidmheasa. Tá sé sin ábhartha ní hamháin maidir le CPLanna agus TLUnna ach freisin maidir le rannpháirtithe eile sa mhargadh airgeadais faoi mhaoirseacht ESMA, lena n-áirítear i gcás ina mbaineann na hábhair i gceist le seirbhísí cripteashócmhainní nó le gníomhaíochtaí arna soláthar ag eintitis ar cuid de ghrúpa comhdhlúite institiúide creidmheasa iad (féach freisin mír 7.1.1). Mar shampla, is féidir le próifíl riosca CPL tionchar a imirt ar phróifíl riosca ghnóthas atá ag gníomhú mar chomhaltaí imréitigh an CPL sin, ar institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta iad go príomha. Mar a tugadh faoi deara roimhe seo, tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, go gcuirfí BCE, ina ról mar mhaoirseoir baincéireachta, ar an eolas go hiomlán agus go tráthúil faoi na rioscaí a bhainistíonn CPLanna agus go mbeadh sé in ann a shaineolas maoirseachta agus a dhearcthaí maidir le fóntacht na gcomhaltaí imréitigh agus cobhsaíocht na hearnála baincéireachta a thairiscint ([22]).

2.4. *Ionadaíocht na mbanc ceannais náisiúnta i rialachas ESMA*

Tugann BCE dá aire, i roinnt Ballstát, go bhfuil freagrachtaí maoirseachta ar bhainc cheannais náisiúnta (BCNanna) nach bhfuil ionadaíocht acu ar Bhord Maoirseoirí ESMA ([23]), go háirithe i ndáil le CPLanna ([24]) nó TLUnna ([25]). Ba cheart do na BCNanna sin a bheith rannpháirteach nuair a phléann coistí inmheánacha nó Bord Maoirseoirí ESMA ábhair den sórt sin agus ba cheart an deis a bheith acu vótáil ar Bhord Maoirseoirí ESMA ([26]). Ina theannta sin, nuair a dhéanann Bord Feidhmiúcháin ESMA plé ar chinntí i ndáil le heintiteas faoi mhaoirseacht dhíreach a thagann faoi inniúlacht BCN an Bhallstáit ábhartha ina bhfuil an t-eintiteas bunaithe, ba cheart cuireadh a thabhairt don BCN sin freastal ar an bplé sin freisin. Comhfhreagraíonn sé sin don fhíoras go bhfuil rannpháirtíocht i bplé den sórt sin beartaithe cheana féin do chomhalta Bhord Maoirseoirí ESMA an Bhallstáit ábhartha ([27]).

2.5. *Socruithe comhair chun maoirseacht a dhéanamh ar CPLanna agus ar TLUnna suntasacha*

Tacaíonn BCE go hiomlán le maoirseacht ar CPLanna agus TLUnna suntasacha a chur de chúram ar ESMA, agus le cumhacht a thabhairt do ESMA socruithe comhair a bhunú chun na críche sin. Is díol sásaimh do BCE go bhforbróidh ESMA na socruithe comhair sin le dlúth-rannpháirtíocht na n-údarás inniúil agus ábhartha. Cuideoidh sé sin le feidhmiú éifeachtach na maoirseachta a áirithiú, i bhfianaise an róil thábhachtaigh a bheidh fós ag na húdaráis náisiúnta sa chreat. Cuirfidh socruithe comhair ar chumas ESMA leas a bhaint as taithí agus saineolas na n-údarás inniúil agus ábhartha agus áiritheoidh siad go mbeidh baint iomchuí ag údaráis a bhfuil leas acu in oibriú

([20]) Féach Airteagal 1, pointe (29), den mháistir-rialachán atá beartaithe, a chuirtear in ionad Airteagal 41(1) den Rialachán ESMA.

([21]) Féach Airteagal 1, pointe (37), den mháistir-rialachán atá beartaithe, lena gcuirtear Airteagal 45c nua isteach sa Rialachán ESMA.

([22]) Féach mír 1.3.2 de Thuairim CON/2023/11 ón mBanc Ceannais Eorpach an 26 Aibreán 2023 maidir le togra le haghaidh rialachán lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 575/2013 agus (AE) 2017/1131 a mhéid a bhaineann le neamhchosaintí iomarcacha ar chontrapháirtithe lárnacha tríú tír agus lena gcuirtear feabhas ar éifeachtúlacht mhargaí imréitigh an Aontais agus togra le haghaidh treoir lena leasaítear Treoracha 2009/65/AE, 2013/36/AE agus (AE) 2019/2034 a mhéid a bhaineann le riosca comhchruinniúcháin a láimhseáil i leith contrapháirtithe lárnacha agus i leith an riosca contrapháirtí ar idirbhearta díorthach a imréitítear go lárnach (IO C 204, 12.6.2023, lch. 3).

([23]) Féach Airteagal 40(1), pointe (b), de Rialachán ESMA, lena bhforáiltear go bhfuil Bord Maoirseoirí ESMA comhdhéanta de cheannaire an údaráis phoiblí náisiúnta atá inniúil as maoirseacht a dhéanamh ar rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais i ngach Ballstát. Dá bhrí sin, tá sé BCN ina gcomhaltaí de Bhord Maoirseoirí ESMA faoi láthair.

([24]) Go praiticiúil, baineann sé sin le trí BCN: Banca d'Italia, Banque de France agus De Nederlandsche Bank.

([25]) Go praiticiúil, baineann sé sin le sé BCN: Nationale Bank van België/Banque Nationale de Belgique, Banque de France, Banca d'Italia, De Nederlandsche Bank, Národná banka Slovenska agus Banka Slovenije. Tá freagrachtaí maoirseachta ar Banca d'Italia freisin i réimse na n-ionad trádála.

([26]) Ó thaobh na praiticiúlachta de, chun críocha vótála i mBord Maoirseoirí ESMA, measfar gur comhalta amháin iad ionadaithe na n-údarás in aon Bhallstát amháin i dteannta a chéile.

([27]) Féach Airteagal 1, pointe (33) de na leasuithe sa mháistir-rialachán atá beartaithe, lena gcuirtear Airteagal 44(2) nua isteach sa Rialachán ESMA.

rianúil agus in athléimneacht CPLanna agus TLUnna suntasacha agus go malartófar faisnéis leo ar bhealach iomchuí. Tá BCE réidh chun tacú le ESMA ar bhonn na socruithe comhair atá beartaithe, i gcomhréir lena shainordú. Ba cheart na forálacha sna tograí ón gCoimisiún lena leagtar amach na socruithe comhair do CLPanna agus do TLUnna a bheith sách saintreorach. Go háirithe, ba cheart rannpháirtíocht na n-údarás inniúil agus ábhartha i ngníomhaíochtaí maoirseachta a shoiléiriú leis na forálacha, chun dlúthchomhar le húdaráis inniúla náisiúnta agus le húdaráis eile a áirithiú, ar bhealach fóinteach substaintiúil, ar bhonn fadtéarmach. Ba cheart a áirithiú leis na forálacha freisin go mbeidh cur chuige comhsheasmhach ann maidir le CPLanna agus TLUnna suntasacha. I gcás TLUnna, ba cheart a áirithiú leis na socruithe comhair freisin go ndéanfar faisnéis a chomhroinnt go hiomchuí le húdaráis óstacha an Bhallstáit ina soláthraíonn an TLU seirbhísí, agus, i gcás ina soláthraíonn TLUnna seirbhísí coimhdeacha de chineál baincéireachta, go ndéanfar gníomhaíochtaí maoirseachta a chomhordú le maoirseoir baincéireachta an TLU shuntasaigh.

3. **Contrapháirtithe lárnacha (CPLanna)**

3.1. *Coinníollacha maidir le CPLanna suntasacha a bheith á sainaithint ag ESMA*

Tacaíonn BCE go hiomlán leis na coinníollacha a bhunaítear leis na tograí ón gCoimisiún chun a mheas go bhfuil CPL suntasach, agus dá bhrí sin faoi réir mhaoirseacht dhíreach ESMA ([28]). Tá na dálaí sin fónta agus ábhartha. Mholfadh BCE coinníoll amháin eile a chur isteach, eadhon, i gcás ina bhfuil socrú idir-inoibritheachta bunaithe ag CPL le CPL eile, gur cheart é sin a bheith ina choinníoll freisin chun a mheas go bhfuil CPL suntasach. Tá trí chúis leis an moladh sin. Ar an gcéad dul síos, léireodh an coinníoll atá molta gur foinse ábharthachta sistéamaí trasteorann iad naisc idir-inoibritheachta do CPLanna idir-inoibritheacha, rud a thabharfadh údar lena maoirseacht dhíreach ag ESMA. Ar an dara dul síos, bheadh an coinníoll sin níos éifeachtúla ó thaobh maoirseachta de ós rud é go dtugann na tograí ón gCoimisiún an inniúlacht do ESMA socruithe idir-inoibritheachta a fhormheas ([29]). Ar an tríú dul síos, d'fhéadfadh an coinníoll sin comhtháthú agus úsáid níos leithne socruithe idir-inoibritheachta a chothú trí athdhearbhú a thabhairt do CPLanna atá toilteanach socruithe den sórt sin a bhunú go mbeidh siad faoi réir mhaoirseacht chomhchuibhithe ESMA.

3.2. *Rochtain oscailte agus idir-inoibritheacht*

Is díol sásaimh do BCE na forálacha sna tograí ón gCoimisiún lena dtacaítear le rochtain oscailte agus idir-inoibritheacht, a mheastar a bheith tábhachtach chun tacú le comhtháthú ([30]). Go háirithe, fáiltíonn BCE roimh ról nua ESMA chun iarrataí ar rochtain ar CCP agus iarrataí ar rochtain ar ionad trádála a eadránú. Ar an gcaoi chéanna, is díol sásaimh do BCE go dtugtar inniúlacht do ESMA socruithe idir-inoibritheachta a fhormheas, i bhfianaise ábharthacht na socruithe sin ó thaobh idirnascthachta de.

3.3. *Rannpháirtíocht na mbanc ceannais eisiúna i maoirseacht CPLanna*

3.3.1. Tacaíonn BCE go hiomlán le leibhéal rannpháirtíochta na mbanc ceannais eisiúna i maoirseacht CPLanna suntasacha ([31]). Go háirithe, is díol sásaimh do BCE na forálacha sna tograí ón gCoimisiún lena n-áirithítear go rachaidh Bord Feidhmiúcháin ESMA i gcomhairle leis na bainc cheannais eisiúna maidir le measúnuithe maoirseachta agus cinntí a bhaineann le sé phríomhréimse ábhartha ó thaobh an bhainc ceannais eisiúna de: ceanglais éarlaise, rialuithe riosca leachtachta, comhthaobhacht, athbhreithniú ar shamhlacha, tástáil struis agus cúltástáil, socrú, agus socruithe idir-inoibritheachta ([32]). Ar an gcaoi sin, baineann bainc cheannais eisiúna tairbhe

([28]) Féach Airteagal 2, pointe (15), den mháistir-rialachán atá beartaithe, lena gcuirtear isteach Airteagal 22a(2) nua i Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála (IO L 201, 27.7.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/648/oj) (dá ngairtear 'EMIR' anseo feasta).

([29]) Féach Airteagal 2, pointe (26), den mháistir-rialachán atá beartaithe, lena leasaítear Airteagal 54 de EMIR.

([30]) Féach Airteagal 2, pointí (4), (5) agus (26), den mháistir-rialachán atá beartaithe, lena leasaítear Airteagal 7, a chuirtear in ionad Airteagal 8, agus lena leasaítear Airteagal 54 de EMIR faoi seach.

([31]) Feidhmítear ról an bhainc ceannais eisiúna don euro ar bhealach díláraithe comhordaithe laistigh den Eurochóras. Dá bhrí sin, tá an tagairt sna tograí ón gCoimisiún do ról BCE mar bhanc ceannais eisiúna don euro gan dochar d'Airteagal 12.1 de Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh (dá ngairtear 'Reacht CEBC' anseo feasta), ina luaitear 'a mhéad a mheastar is féidir agus is iomchuí agus gan dochar d'fhorálacha an Airteagail seo, rachaidh BCE ar iontaoibh na mbanc ceannais náisiúnta chun oibríochtaí is cuid de chúraimí CEBC a chur i gcrích'.

([32]) Féach Airteagal 2, pointe (15), den mháistir-rialachán atá beartaithe, lena gcuirtear Airteagal 22e nua isteach in EMIR. Féach Airteagail 41, 44, 46, 49, 50 agus 54 de EMIR.

as ról comhairliúcháin láidir tiomnaithe faoi na tograí ón gCoimisiún, lena gcumhdaítear raon leathan cinntí maoirseachta. Neartaítear rannpháirtíocht na mbanc ceannais eisiúna i maoirseacht ar CPLanna le sin, i gcomparáid le nósanna imeachta an choláiste atá ann cheana. Rinneadh foráil freisin maidir le comhairliúchán leis na bainc cheannais eisiúna i ndáil le CPLanna tríú tír ([33]). Ba cheart roinnt soiléirithe agus ailínithe breise i ndáil leis na forálacha sin a thabhairt isteach, lena n-áirítear i leith an doiciméadacht a bheadh ar bhainc cheannais eisiúna a fháil chun a ról comhairliúcháin a chomhlíonadh agus, chun a áirithiú go mbeidh bainc cheannais eisiúna airgeadraí de chuid an Aontais seachas an euro, rannpháirteach sna hionstraimí airgeadais agus neamhairgeadais a imréitíonn CPL nó atá le himréiteach ag CPL.

3.3.2. Neartaíodh rannpháirtíocht na mbanc ceannais eisiúna i maoirseacht CPLanna cheana féin leis na leasuithe ar EMIR a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2019/2099 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([34]) agus le Rialachán (AE) 2024/2987 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([35]), go háirithe le haghaidh measúnuithe i ndáil leis an gceanglas maidir le cuntas gníomhach ([36]), agus le haghaidh comhairliúcháin i ndáil le CPLanna sistéamacha tríú tír ([37]). A bhuí leis an taithí sin, tá teorainneacha áirithe ar rochtain an Eurochórais ar shonraí sainaitheanta ag BCE, rud a chuireann bac ar chomhlíonadh éifeachtach ról an bhainc ceannais eisiúna don euro. Níl rochtain ag an Eurochóras faoi láthair ach ar shonraí suímh le haghaidh díorthach in euro, atá ar cháilíocht íseal agus nach féidir a úsáid sa chleachtas ([38]). Dá bhrí sin, ba cheart rochtain níos fearr ar shonraí a thabhairt do BCE agus do BCNanna an Eurochórais, go háirithe na sonraí idirbhirt uile maidir le díorthaigh arna n-ainmniú in euro arna dtuairisciú faoi Airteagal 9 de EMIR. Is féidir é sin a bhaint amach trí athbhreithniú a dhéanamh ar an ngníomh tarmligthe ábhartha ón gCoimisiún ([39]) arna ghlacadh faoi EMIR. Thairis sin, i gcás inarb ábhartha nó inar gá chun a sainorduithe cobhsaíochta airgeadais agus macrastuamachta a fheidhmiú, ba cheart rochtain a bheith ag comhaltaí CEBC agus an Bhoird Eorpaigh um Riosca Sistéamach (BERS) ar an bhfaisnéis a chomhroinntear tríd an mbunachar sonraí lárnach arna bhunú faoi Airteagal 17c de EMIR. Is féidir le faisnéis den sórt sin, go háirithe maidir le ceanglas éarlaise agus acmhainní cascáide, a bheith ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar idirnaisc idir an córas baincéireachta agus an córas airgeadais i gcoitinne agus chun measúnú a dhéanamh ar dhinimicí tógálachta a d'fhéadfadh a bheith ann.

3.3.3. Ar deireadh, ba cheart BCNanna a áireamh sa sainmhíniú ar 'údaráis ábhartha do CPLanna suntasacha', i gcás ina bhfuil freagrachtaí formhaoirseachta ag BCN ar CPLanna faoin dlí náisiúnta ([40]).

4. **Taisclanna lárnacha urrús (TLUnna)**

4.1. *Nósanna imeachta údarúcháin do TLUnna*

4.1.1. Tacaíonn BCE le tabhairt isteach, i bhforálacha ábhartha Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([41]) (dá ngairtear 'CSDR' anseo feasta), measúnú atá le déanamh ag an údarás inniúil, agus atá le cur in iúl do na húdaráis ábhartha, chun comhordú a áirithiú agus a dtuairimí réasúnaithe á n-ullmhú. Bheadh

([33]) Féach Airteagal 2, pointe (21), den mháistir-rialachán atá beartaithe, a chuirtear in ionad Airteagal 24b(2) agus (3) de EMIR.

([34]) Rialachán (AE) 2019/2099 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 a mhéid a bhaineann leis na nósanna imeachta agus na húdaráis a bhaineann le CPLanna a údarú agus na ceanglais maidir le CPLanna tríú tír a aithint (IO L 322, 12.12.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/2099/oj).

([35]) Rialachán (AE) 2024/2987 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2024 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 575/2013 agus (AE) 2017/1131 a mhéid a bhaineann le bearta chun neamhchosaintí iomarcacha ar chontrapháirtithe lárnacha tríú tír a mhaolú agus chun éifeachtúlacht mhargaí imréitigh an Aontais a fheabhsú (IO L, 2024/2987, 4.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2987/oj).

([36]) Féach Airteagal 7a de EMIR.

([37]) Féach Airteagal 24b de EMIR.

([38]) Féach freagairt BCE ar chomhairliúchán an Choimisiúin Eorpaigh maidir leis an athbhreithniú ar an Rialachán maidir le Bonneagar Margaidh Eorpach (EMIR), an 2 Meán Fómhair 2015, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin BCE ag www.ecb.europa.eu.

([39]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 151/2013 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2012 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála, i dtaca le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na sonraí atá le foilsiú agus le cur ar fáil ag na stórtha trádála agus na caighdeáin oibríochtúla maidir leis na sonraí a chomhiomlánú, a chur i gcomparáid agus a rochtain (IO L 52, 23.2.2013, lch. 33, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2013/151/oj); féach, go háirithe, Airteagal 2(10).

([40]) Airteagal 2, pointe (15), den mháistir-rialachán atá beartaithe, lena gcuirtear Airteagal 22d nua isteach in EMIR.

([41]) Féach Airteagal 4, pointe (16)(c) den mháistir-rialachán atá beartaithe, lena leasaítear Airteagal 17(4) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le socraíocht urrús san Aontas Eorpach a fheabhsú agus maidir le taisclanna lárnacha urrús agus lena leasaítear Treoracha 98/26/CE agus 2014/65/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 236/2012 (IO L 257, 28.8.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/909/oj).

measúnú den sórt sin ina chuidiú freisin chun tacú le (a) nósanna imeachta údarúcháin le haghaidh seirbhísí coimhdeacha de chineál baincéireachta agus (b) nósanna imeachta athbhreithnithe agus meastóireachta faoi fhorálacha ábhartha CSDR ([42]).

4.1.2. Leis na leasuithe atá beartaithe ar CSDR ([43]), ní cheadaítear a thuilleadh don údarás inniúil measúnú a dhéanamh ar iomláine iarratas ar údarú roimh an bpróiseas chun iarratas ar údarú a scrúdú. Thairis sin, i gcásanna áirithe, giorraítear go mór an tréimhse atá ag na húdaráis ábhartha a dtuairimí réasúnaithe a thabhairt leis na leasuithe atá beartaithe. Is ábhar imní do BCE go bhféadfadh sé sin ualach míchuí a chur ar na húdaráis inniúla agus ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar iarratais, lena n-áirítear iad siúd a bhféadfadh doiciméadacht neamhiomlán a bheith ag tacú leo. Molann BCE an próiseas atá ann cheana chun measúnú a dhéanamh ar iomláine a choinneáil, amlíne an nós imeachta a choigeartú chun an deis a thabhairt do na húdaráis ábhartha measúnú an údaráis inniúil a mheas, agus na hamlínte le haghaidh na nósanna imeachta a leagtar amach sna forálacha ábhartha a ailíniú.

4.1.3. Is díol sásaimh do BCE na leasuithe atá beartaithe ([44]) lena mbunaítear nós imeachta níos cuíchóirithe maidir le seachfhoinsiú inghrúpa, ós rud é gur féidir leo sin comhtháthú agus éifeachtúlacht, faoi seach, laistigh de ghrúpaí TLU a éascú agus a fheabhsú.

4.1.4. D'fhéadfadh impleachtaí suntasacha a bheith ag soláthar croísheirbhísí TLU trí TMD ([45]), a úsáid ar oibríochtaí TLU agus ar chomhlíonadh roinnt ceanglas faoi CSDR. Ar an gcúis sin, molann BCE, i gcás ina bhfuil sé beartaithe ag TLU a chroísheirbhísí TLU a sholáthar trí TMD a úsáid, gur cheart é sin a bheith faoi réir údarú mar leathnú ar ghníomhaíochtaí TLU faoi fhorálacha ábhartha CSDR. Bheadh feidhm aige sin i gcás ina mbeadh sé beartaithe ag TLU taifeadadh tosaigh urrús a dhéanamh ar mhórleabhar dáilte, cuntais a sholáthar agus a choinneáil ar an leibhéal is airde trí úsáid a bhaint as TMD, nó idirbhearta urrús a shocrú trí chóras socraíochta urrús a oibríonn an TLU trí úsáid a bhaint as TMD.

4.2. *Margadh aonair le haghaidh seirbhísí TLU*

Is díol sásaimh do BCE go n-éascaíonn na tograí ón gCoimisiún nós imeachta an phas agus go dtacaíonn siad le saoirse eisiúna urrús ([46]). Is féidir leis na bearta sin cuidiú le bacainní ar oibríochtaí trasteorann a laghdú tríd an gceanglas maidir le formheas ó na húdaráis óstacha a bhaint. Trí níos mó saoirse a thabhairt do TLUnna agus d'eisitheoirí chun seirbhísí trasteorann a sholáthar agus a TLU a roghnú, faoi seach, is féidir tacú le hiomaíocht agus le comhtháthú margaidh. Chun deireadh a chur leis na bacainní atá fós ann ar chomhtháthú, leagann BCE béim ar an ngá atá le rialacha náisiúnta a chomhchuibhiú a thuilleadh, go háirithe dlíthe corparáideacha agus urrús, agus le cleachtais mhargaidh a chomhchuibhiú agus a chaighdeánú a thuilleadh. I ndáil leis sin, molann BCE go mbunódh na comhreachtóirí dreasachtaí rialála chun caighdeáin mhargaidh idirnáisiúnta agus Eorpacha a ghlacadh le haghaidh seirbhísí iarthrádála ([47]).

4.3. *Rannpháirtíocht daoine aonair príobháideacha i dtaisclanna lárnacha urrús (TLUnna)*

Le bonneagair an mhargaidh airgeadais (BMAnna), bunaítear ceanglais dhlíthiúla, airgeadais agus oibríochtúla nach mór dá rannpháirtithe a chomhlíonadh go tráthúil. Baineann sé sin go háirithe le córais teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide leordhóthanacha agus foireann leordhóthanach a bheith i bhfeidhm. Tá fóntacht dhlíthiúil agus

([42]) Féach Airteagail 22 (athbhreithniú agus meastóireacht), 55 (nós imeachta údarúcháin) agus 60 (maoirseacht) de CSDR.
([43]) Féach Airteagal 4, pointí (16) agus (51), den mháistir-rialachán atá beartaithe, lena leasaítear Airteagail 17 agus 55 de CSDR faoi seach.
([44]) Féach Airteagal 4, pointí (19) agus (33), den mháistir-rialachán atá beartaithe, lena leasaítear Airteagail 19 agus 30 de CSDR faoi seach.
([45]) Féach Airteagal 4, pointí (2) agus (33), den mháistir-rialachán atá beartaithe, lena gcuirtear Airteagal 2(1), pointe (4b) nua agus Airteagal 30(6) agus (7) nua isteach in CSDR faoi seach.
([46]) Féach Airteagal 4, pointí (24) agus (44), den mháistir-rialachán atá beartaithe, lena leasaítear Airteagail 23 agus 49 de CSDR faoi seach.
([47]) Amhail na caighdeáin mhargaidh arna n-urrú ag Grúpa Comhairleach an Eurochórais maidir le Bonneagar Margaidh le haghaidh Urrús agus Comhthaobhachta (AMI-SeCo), i.e. caighdeáin SCoRE maidir le himeachtaí corparáideacha, bainistiú comhthaobhachta tripháirtí agus billeáil, Caighdeáin Chomhchuibhithe T2S maidir le socraíocht agus imeachtaí corparáideacha maidir le sreabhadh agus Caighdeáin Chomhpháirteacha an Mhargaidh Gníomhaíochta Corparáidí agus caighdeáin Sainaitheantais Scairshealbhóirí Tionscail, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin BCE ag www.ecb.europa.eu nó ar shuíomh gréasáin na Cónaidhme Baincéireachta Eorpaí ag https://www.ebf.eu.

acmhainneacht airgeadais agus oibríochtúil na rannpháirtithe díreacha ina bpríomhchoimircí do chobhsaíocht BMAnna agus, i gcás sonrach TLUnna, d'éifeachtúlacht socraíochta, rud a thugann údar le rannpháirtíocht TLUnna a shrianadh d'eintitis dhlítheanacha (institiúidí airgeadais rialáilte, más féidir). Níor cheart é a chur ar chumas TLUnna a ligean do dhaoine aonair príobháideacha a bheith ina rannpháirtithe i TLU ([48]).

4.4. *An úsáid a bhaineann TLUnna as TMDanna chun seirbhísí TLU a sholáthar*

Is díol sásaimh do BCE na hoiriúnuithe atá beartaithe ar CSDR ([49]) chun úsáid TMD ag TLUnna a éascú agus is díol sásaimh dó go gcoinnítear caighdeáin láidre bainistithe riosca do TLUnna, gan beann ar na réitigh theicneolaíocha a úsáideann siad. Is díol sásaimh do BCE, go háirithe, na hoiriúnuithe chun ceanglais a leagan amach maidir le rioscaí a bhaineann go sonrach le TMD a bhainistiú lasmuigh de shocrú seachfhoinsithe. Mar sin féin, molann BCE na hoiriúnuithe sin a shonrú tuilleadh chun na measúnuithe, a dhéanfaidh an TLU, ar oiriúnacht oibreoirí nód gréasáin, na rioscaí ábhartha oibríochtúla agus rialachais, agus cinnteacht agus do-athraitheacht socraíochta a chumhdach.

4.5. *Socraíocht airgid*

4.5.1. Tacaíonn BCE go hiomlán le ceanglas a thabhairt isteach do TLUnna a shocraíonn in airgeadraí atá ar fáil le haghaidh socraíochta in TARGET2-Securities (T2S) nascadh le T2S agus seirbhísí socraíochta airgid bainc ceannais (central bank money, CeBM) a thairiscint dá rannpháirtithe. Leis an gceanglas sin, cuirfear tuilleadh feabhais ar chomhtháthú mhargadh na seirbhísí socraíochta agus cuirfear sábháilteacht chun cinn trí úsáid a bhaint as socraíocht CeBM ([50]).

4.5.2. Ba cheart go leanfadh CeBM de bheith ina phríomhshócmhainn socraíochta le haghaidh margaí mórdhíola airgeadais agus, go háirithe, le haghaidh socraíocht idirbheart urrús, lena n-áirítear i bhfoirm ceadchomharthaithe. Is díol sásaimh do BCE gur tugadh isteach tagairt shainráite do shocraíocht in airgead bainc ceannais téacschomharthaithe, rud a chumasóidh BCE d'idirbhearta arna sloinneadh in euro trí Pontes a fhorbairt ([51]). Cuireann na tograí ón gCoimisiún ar chumas TLUnna íocaíochtaí airgid thirim dá gcórais socraíochta urrús a shocrú in EMTanna freisin. Tá rioscaí breise ag baint le socraíocht in EMTanna i gcomparáid le socraíocht in CeBM nó in airgead bainc tráchtála (commercial bank money, CoBM), lena n-áirítear riosca creidmheasa na n-eisitheoirí, an riosca a bhaineann le luaineachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann i bpraghas EMT, chomh maith leis an riosca leachtachta a bhaineann leis na cúlsócmhainní foluiteacha ([52]). Thairis sin, tá inscálaitheacht EMTanna teoranta i gcomparáid le CeBM nó CoBM. Ba cheart, dá bhrí sin, úsáid EMTanna mar shócmhainní socraíochta a rialáil go cúramach, trí shrianta maidir le cathain is féidir iad a úsáid agus trí choimircí bainistithe riosca i gcás ina gceadaítear iad a úsáid. Chun rioscaí ó shócmhainní socraíochta i margaí airgeadais mórdhíola a íoslaghdú, agus chun a áirithiú go leanfaidh CeBM de bheith ina phríomhshócmhainn socraíochta sna margaí sin, níor cheart cead a bheith ag TLUnna socraíocht a thairiscint in EMTanna ach amháin i gcás ina bhfuil socraíocht in airgeadra nach bhfuil socraíocht in CeBM ceadchomharthaithe praiticiúil ná ar fáil dó. Níor cheart socraíocht in EMTanna a cheadú ach amháin má tá sí faoi réir coimircí fónta bainistithe riosca chun na rioscaí a bhaineann lena n-úsáid a íoslaghdú, i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta. Thairis sin, níor cheart socraíocht in EMTanna a cheadú ach amháin má eisíonn eintiteas de chuid an Aontais EMT i gcomhréir le Teideal IV de Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([53]) agus mura bhfuil sé idirmhalartach le haon chripteashócmhainn nó cripteashócmhainní a eisítear lasmuigh den Aontas, lena n-áirítear iad siúd atá mar chuid d'aon scéim ileisiúna tríú tír. Ar deireadh, i gcás nach bhfuil CeBM ar fáil nó i gcás nach bhfuil a úsáid praiticiúil, d'fhéadfadh ról níos suntasaí a bheith ag taiscí téacschomharthaithe mar shócmhainní socraíochta in idirbhearta téacschomharthaithe. Chun creat dlíthiúil de chuid an Aontais a sholáthar le haghaidh na sócmhainní socraíochta téacschomharthaithe uile, ba cheart do na comhreachtóirí breathnú ar shainmhíniú coiteann ar thaiscí téacschomharthaithe a thabhairt isteach i reachtaíocht baincéireachta an Aontais.

([48]) Féach Airteagal 4, pointe (34) den mháistir-rialachán atá beartaithe, lena gcuirtear Airteagal 33(7) nua isteach in CSDR.
([49]) Féach Airteagal 4, pointe (40) den máistir-rialachán atá beartaithe, lena gcuirtear Airteagal 45a nua isteach in CSDR.
([50]) Féach Airteagal 4, pointe (39), den mháistir-rialachán atá beartaithe, a chuirtear in ionad Airteagal 40(2) de CSDR.
([51]) Féach tionscadal Pontes BCE, atá le fáil ar shuíomh gréasáin BCE ag www.ecb.europa.eu. Is réiteach TMD de chuid an Eurochórais é Pontes a nascann ardáin mhargaidh TMD agus Seirbhísí TARGET chun idirbhearta in airgead bainc ceannais a shocrú.
([52]) Féach Committee on Payments and Market Infrastructures (an Coiste ar Chórais Íocaíochta agus Socraíochta), Board of the International Organization of Securities Commissions (Bord na hEagraíochta Idirnáisiúnta um Choimisiúin Urrús), 'Application of the Principles for Financial Market Infrastructures to stablecoin arrangements', Iúil 2022, atá le fáil ar shuíomh gréasáin an Bhainc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta ag www.bis.org.
([53]) Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le margaí i gcripteashócmhainní agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937 (IO L 150, 9.6.2023, lch. 40, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1114/oj) (dá ngairtear 'MiCAR' anseo feasta).

4.6. *Naisc idir TLUnna*

4.6.1. Tacaíonn BCE go hiomlán leis na tograí arb é is aidhm dóibh an líonra nasc atá ann faoi láthair idir moil TLUnna agus TLUnna eile de chuid an Aontais a leathnú, agus é mar chuspóir a áirithiú gur féidir le rannpháirtí in aon TLU teacht ar urrúis arna n-eisiúint in aon TLUnna eile de chuid an Aontais ([54]). Ba cheart na naisc sin a bhunú in T2S, nuair is féidir, chun cuidiú le tairbhe a bhaint as bonneagar socraíochta coiteann. Ba cheart an ceanglas maidir le naisc a bhunú in T2S a chur in oiriúint do shainiúlachtaí TLUnna arna n-oibriú ag an mbanc ceannais, ós rud é nach ndéanann siad ach ionstraimí airgeadais sonracha a thaifeadadh agus nach gcuireann siad rochtain ar urrúis eile ar fáil dá rannpháirtithe, toisc go bhfuil TLU(nna) arna n-oibriú go príobháideach chun seirbhísí tráchtála a sholáthar ag gach Ballstát a bhfuil TLU a oibríonn ag banc ceannais acu. In aon chás, níor cheart feidhm a bheith ag an gceanglas sin ach amháin maidir le nasc aontreoch a bhunú idir mol TLU, mar TLU infheisteora, agus an TLU arna hoibriú ag an mbanc ceannais, mar TLU eisitheora.

4.6.2. Tá na tráthanna críochnaitheachta socraíochta in T2S comhchuibhithe, agus chinn ESMA roimhe seo gur leor na forálacha dlíthiúla ábhartha i gComhaontú Comhchoiteann T2S agus i gCreat-Chomhaontú T2S ([55]). Ba dhíol sásaimh do BCE soiléiriú maidir leis an mbearna ionchasach a mbeadh sé d' aidhm ag na caighdeáin theicniúla rialála dá bhforáiltear sna leasuithe atá beartaithe ar CSDR ([56]) aghaidh a thabhairt uirthi. Mar shampla, bheadh sé deacair do na caighdeáin theicniúla rialála sin aghaidh a thabhairt ar chur i bhfeidhm trasdlínse na rialacha maidir le críochnaitheacht socraíochta, gan tuilleadh comhchuibhithe a dhéanamh ar dhlíthe corparáideacha agus urrús. Dá bhrí sin, molann BCE an fhoráil áirithe sin a bhaint den sainordú a thugtar do ESMA.

5. **Córas píolótach le haghaidh bonneagair mhargaidh bunaithe ar theicneolaíocht mórleabhar dáilte (distributed ledger technology, TMD)**

5.1. *Leathnú chóras píolótach TMD (TMD pilot regime, TMDPR)*

5.1.1. Is díol sásaimh do BCE an leathnú atá beartaithe ar TMDPR, rud a chuirfeadh feabhas suntasach ar na deiseanna do ghníomhaithe seanbhunaithe agus d'iontrálaithe nua araon réitigh iarthrádála a fhorbairt bunaithe ar theicneolaíochtaí nuálacha i dtimpeallacht rialála níos solúbtha agus níos comhréirí, lena gcothófaí iomaíocht, nuálaíocht agus athléimneacht. D'fhéadfadh an leathnú atá beartaithe rannchuidiú freisin le creat Eorpach aonair a chruthú, rud a mhaolódh an riosca a bhaineann le hilroinnt rialála a eascraíonn as iomadú na gcreataí dlíthiúla náisiúnta, i gcomhréir le cuspóirí an Aontais Coigiltis agus Infheistíochta. Chun tuilleadh ilroinnte i dtimpeallacht iarthrádála an Aontais a chosc, beidh sé fíor-riachtanach idir-inoibritheacht agus caighdeánú a chur chun cinn agus, i gcás inar gá, a fhorfheidhmiú ar fud bhonneagair mhargaidh TMD. Tá an tEurochóras réidh chun a chion a dhéanamh ina leith sin, mar oibreoir agus mar chatalaíoch araon i gcomhthéacs a chláir oibre aonair maidir le teicneolaíochtaí nua le haghaidh socraíocht airgid bainc ceannais, Pontes agus Appia ([57]).

5.1.2. Tacaíonn BCE leis an gcoigeartú atá beartaithe ar theorainneacha gníomhaíochta, lena mbaintear an chothromaíocht cheart amach idir tionscnaimh mhargaidh a éascú agus teorainn a chur le tábhacht shistéamach gníomhaíochtaí arna ndéanamh faoi TMDPR, agus na rioscaí a bhaineann leo, nach gcomhlíonann na ceanglais rialála uile is infheidhme maidir le bonneagair an mhargaidh airgeadais. Is fíor sin go háirithe ós rud é go n-áirithítear freisin leis na hoiriúnuithe ar CSDR chun úsáid TMD ag TLUnna nach n-oibríonn ach faoi údarú TLU a éascú, gur féidir le TLUnna a oibríonn os cionn na teorann gníomhaíochta TMD a úsáid fós, agus na ceanglais chéanna á gcomhlíonadh acu agus a chomhlíonann TLUnna a úsáideann teicneolaíochtaí traidisiúnta. Mar sin féin, chun imchéimniú ar na teorainneacha a chosc, tacaíonn BCE le cur i bhfeidhm teorainneacha gníomhaíochta ar leibhéal grúpa. Measann BCE gur cheart feidhm níos ginearálta a bheith ag cur chuige ar leibhéal grúpa freisin maidir le maoirseacht stuamachta ar eintitis arna n-údarú faoi TMDPR, chun a áirithiú go mbeidh cistí dílse agus bainistiú riosca i gcomhréir le gníomhaíochtaí comhcheangailte grúpaí ilfheidhme ([58]).

([54]) Airteagal 4, pointí (43) agus (46), den mháistir-rialachán atá beartaithe, lena gcuirtear Airteagail 48a, 48b agus 51a nua isteach in CSDR.

([55]) Tá fáil ar an dá chomhaontú ar shuíomh Gréasáin BCE ag www.ecb.europa.eu.

([56]) Féach Airteagal 4, pointe (42)(f), den mháistir-rialachán atá beartaithe, lena leasaítear Airteagal 48(10) agus a chuirtear in ionad Airteagal 48(10), pointe (f), de CSDR.

([57]) Féach tionscnamh Appia BCE, atá le fáil ar shuíomh gréasáin BCE ag www.ecb.europa.eu. Is é cuspóir Appia iniúchadh a dhéanamh ar choincheapa amhail mórleabhar comhroinnte Eorpach agus líonra mórleabhar idirnasctha: bonneagair a d'fhéadfadh a bheith ina bhfón chun sócmhainní téacschomharthaithe a eisiúint, a thaifeadadh, a thrádáil agus a shocrú agus in-ríomhchláraitheacht á cumasú ag an am céanna.

([58]) Féach freisin BERS, 'Crypto-assets and decentralised finance: Report on stablecoin, crypto-investment products and multifunction groups', Deireadh Fómhair 2025, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin BERS ag www.esrb.europa.eu.

5.1.3. Tacaíonn BCE freisin le córas simplithe a thabhairt isteach le haghaidh bonneagair mhargaidh TMD níos lú. Leis an gcóras simplithe sin, d'fhéadfaí rialáil agus maoirseacht níos comhréirí a dhéanamh ar ghnólachtaí nach bhfuil tábhacht shistéamach ag baint leo. Mar sin féin, molann BCE gur cheart teorainn níos cúinge a chur leis an gcur chuige a ghlactar sa chóras simplithe chun ceanglais áirithe is infheidhme maidir le TLUnna faoi CSDR a fhágáil gan feidhm, chun comhlíonadh ceanglas criticiúil áirithe a áirithiú ([59]). Ar deireadh, de réir mar a fhásann bonneagair mhargaidh TMD faoi TMDPR, tá sé fíor-riachtanach a áirithiú go gcomhlíonann siad na coimircí stuamachta láidre arna mbunú i reachtaíocht an Aontais ([60]), chun bainistiú riosca leordhóthanach a choinneáil ar bun agus bearnaí i gcosaint infheisteoirí agus in athléimneacht oibríochtúil a sheachaint. Go háirithe, ba cheart do gach eintiteas rialáilte a sholáthraíonn croísheirbhísí TLU ceanglais ábhartha CSDR a chomhlíonadh.

5.2. *Incháilitheacht cineálacha nua eintiteas agus raon níos leithne d'ionstraimí airgeadais*

5.2.1. Tacaíonn BCE le hinstitiúidí creidmheasa a dhéanamh incháilithe chun cead a lorg oibriú faoi TMDPR, ós rud é go n-osclódh sé sin an creat do raon nua eintiteas rialáilte. Chuideodh sé sin le nuálaíocht a chothú trí rannpháirtíocht níos leithne a chur ar bun, agus ag an am céanna thacódh sé le sábháilteacht bhonneagair mhargaidh TMD, ós rud é go ndéantar rialáil agus maoirseacht mhaith ar institiúidí creidmheasa.

5.2.2. Os a choinne sin, tá imní áirithe ar BCE faoin moladh SSCSanna a chur san áireamh in TMDPR. Feidhmíonn SSCSanna faoi láthair faoi chreat maoirseachta níos éadroime agus faoi cheanglais cistí dílse níos ísle nach bhfuil íogair ó thaobh riosca de. Níl sé sin comhsheasmhach le cead a thabhairt dóibh seirbhísí a sholáthar a bhaineann le hionstraimí airgeadais, atá lasmuigh de raon feidhme MiCAR agus forchoimeádta d'eintitis a bhfuil ceadúnais acu arna ndeonú faoi cheanglais níos déine agus níos íogaire ó thaobh riosca de. D'fhéadfaí aghaidh a thabhairt ar an ábhar imní sin trí leasú a dhéanamh ar na ceanglais maidir le SSCSanna mar a mholtar i mír 7.

5.2.3. Is díol sásaimh do BCE freisin leathnú na gcritéar incháilitheachta d'ionstraimí airgeadais, agus tugann sé dá aire, i gcás ina dtairgeann bonneagar margaidh TMD seirbhísí i ndáil le díorthaigh théacschomharthaithe, gur cheart feidhm a bheith ag aon cheanglais a bhaineann le himréiteach díorthach faoi reachtaíocht an Aontais atá ann cheana ar an mbealach céanna.

5.3. *Díolúintí breise le haghaidh bonneagair mhargaidh TMD*

Measann BCE gur fiú ligean do bhonneagair mhargaidh TMD díolúintí breise a iarraidh thar na díolúintí sin a shainítear in TMDPR. Mar sin féin, ba cheart an chumhacht chun díolúintí den sórt sin a dheonú a fheidhmiú ar bhealach lena n-áirithítear cur i bhfeidhm comhchuibhithe dhlí an Aontais. Dá bhrí sin, molann BCE, in ionad tuairim neamhcheangailteach a thabhairt maidir le hiarrataí den sórt sin, gur cheart an chumhacht a thabhairt do ESMA cinntí ceangailteacha a dhíriú ar an údarás inniúil a láimhseálann an iarraidh ([61]).

5.4. *Ceanglais maidir le socraíocht airgid thirim le haghaidh bonneagair mhargaidh TMD*

Is díol sásaimh do BCE na soiléirithe a mhol an Coimisiún i ndáil leis na ceanglais maidir le socraíocht airgid do chórais socraíochta (settlement systems, SSanna) TMD agus do chórais trádála agus socraíochta (trading and settlement systems, TSSanna) TMD tríd an togra le haghaidh díolúine ó na ceanglais atá beartaithe a bhaineann le socraíocht airgid thirim agus EMT faoi Airteagal 40 de CSDR ([62]). Molann BCE freisin go mbeadh cothrom iomaíochta sa chur chuige rialála idir bonneagair mhargaidh TMD a shocraíonn in CoBM agus iad siúd a shocraíonn in EMTanna. Go háirithe, níl údar leis an gcóireáil níos éadroime atá beartaithe do EMTanna, dar le

([59]) Féach Airteagail 27(8) go (10), 33(4), 38(7), 39(6) agus (7), 45(5) agus 46(1) go (3) de CSDR.

([60]) Go háirithe MiFIR, Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/65/oj)(dá ngairtear 'MiFID' anseo feasta), CSDR, agus, i gcás inarb ábhartha, Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/575/oj) agus MiCAR.

([61]) Féach Airteagal 8, pointe (7), den mháistir-rialachán atá beartaithe, lena gcuirtear Airteagal 5a isteach i Rialachán (AE) 2022/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le córas píolótach le haghaidh bonneagair mhargaidh atá bunaithe ar theicneolaíocht mórleabhar dáilte, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 600/2014 agus (AE) Uimh. 909/2014 agus Treoir 2014/65/AE (IO L 151, 2.6.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/858/oj)(dá ngairtear 'TMDPR' anseo feasta).

([62]) Féach Airteagal 8, pointe (6)(a), den mháistir-rialachán atá beartaithe, lena leasaítear Airteagal 5(8) de TMDPR.

BCE, i bhfianaise na rioscaí breise a bhaineann le EMTanna mar shócmhainn socraíochta (féach mír 4.5.2). I ndáil leis sin, molann BCE gur cheart feidhm a bheith ag na ceanglais a bhaineann le soláthar seirbhísí coimhdeacha de chineál baincéireachta do rannpháirtithe TLU faoi Theideal IV de CSDR i ngach cás maidir le SSanna TMD agus TSSanna TMD a oibríonn faoin gcóras rialta, agus go ndéanfaí an tsolúbthacht bhreise dá bhforáiltear sa togra ón gCoimisiún a theorannú don chóras simplithe ([63]). Ar deireadh, aontaíonn BCE go láidir gur cheart d'eintitis a bhfuil ceadúnas baincéireachta acu seirbhísí coimhdeacha de chineál baincéireachta seachas soláthar cuntas airgid agus próiseáil íocaíochta a sholáthar go heisiach.

5.5. *Soláthar sheirbhísí TLU aonair agus oibriú scéimeanna socraíochta*

5.5.1. Tacaíonn BCE le cead sonrach a chruthú chun seirbhísí aonair TLU a sholáthar chun ligean do ghnólachtaí a oibríonn faoi dhlíthe náisiúnta lena rialaítear urrúis dhigiteacha nó urrúis atá bunaithe ar TMD ceadúnas de chuid an Aontais a fháil, lena gcumhdaítear freisin urrúis a ligtear isteach chun a dtrádála ar ionad trádála. D'fhéadfaí na teorainneacha gníomhaíochta a ailíniú a thuilleadh leis na teorainneacha gníomhaíochta do bhonneagair mhargaidh TMD, trí theorainn fhoriomlán a shocrú ag EUR 100 billiún do luach iomlán na n-urrús arna dtaifeadadh ar bhonneagar margaidh TMD. I socruithe a bhaineann le nótairí TMD, coimeádaithe cuntas DTMD agus SSanna TMD nó TSSanna TMD, beidh leithdháileadh soiléir freagrachtaí criticiúil. I ndáil leis sin, is díol sásaimh do BCE go gceanglófaí le foráil ábhartha TMDPR ar nótaire TMD, coimeádaí cuntas TMD agus an SS TMD, an TSS TMD nó TLU ábhartha a sholáthraíonn croísheirbhísí TLU go comhpháirteach, a róil agus a bhfreagrachtaí maidir leis na seirbhísí sin a sholáthar a shonrú i gcomhaontú i scríbhinn atá ceangailteach ó thaobh dlí de a bhfuil fógra le tabhairt ina leith dá n-údaráis inniúla faoi seach, mar aon le faisnéis shoiléir maidir leis an eintiteas cuí a sholáthraíonn croísheirbhísí TLU d'ionstraimí airgeadais a ghabhann le TMD áirithe nó do chatagóirí áirithe d'ionstraimí airgeadais TMD ([64]). Leis an gcastacht a d'fhéadfadh socruithe den sórt sin a thabhairt isteach sa tírdhreach iarthrádála, treisítear an gá atá le hidir-inoibritheacht idir eintitis atá ceadúnaithe faoi TMDPR. Ba cheart, dá bhrí sin, ceanglais rialála a thabhairt isteach ag gabháil le forbairt na socruithe sin chun rochtain oscailte agus idir-inoibritheacht a áirithiú idir na seirbhísí a sholáthraíonn gach eintiteas, agus cur chun feidhme caighdeán coiteann chun naisc a chumasú idir na seirbhísí sin (féach mír 5.6). I bhfianaise leas chomhaltaí CEBC, mar údaráis ábhartha faoi CSDR, molann BCE gur cheart dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ESMA lena sonraítear na forálacha is infheidhme maidir le gach ceann de na ceadúnais shonracha sin a ullmhú i ndlúthchomhar le CEBC.

5.5.2. Leis an togra chun ceadúnas a bhunú le haghaidh scéimeanna socraíochta, féadfar forbairt socruithe nuálacha a cheadú freisin. Is nuálaíocht dhlíthiúil í nach bhfuil eintitis dhlíthiúil aonair ann chun an scéim socraíochta a oibriú, lena n-éilítear coimircí láidre chun leithdháileadh freagrachtaí a bhunú go soiléir, mar a leagtar amach sa togra. I bhfianaise chineál nuálach an tsocraithe sin, tacaíonn BCE leis an togra ón gCoimisiún an teorainn ghníomhaíochta chéanna a chur i bhfeidhm maidir le scéimeanna socraíochta agus a chuirtear i bhfeidhm i gcás bonneagair mhargaidh TMD arna n-údarú faoin gcóras simplithe. In aon chás, tá sé fíor-riachtanach nach n-úsáidfear na scéimeanna sin chun dul timpeall ar chreat rialála an Aontais, lena gcuirtear chun feidhme caighdeáin idirnáisiúnta maidir le bonneagair mhargaidh airgeadais agus lena ndéantar foráil maidir le ceanglais láidre bainistithe riosca. Dá bhrí sin, ba cheart go n-áiritheofaí le TMDPR cothrom iomaíochta idir scéimeanna socraíochta agus bonneagair mhargaidh TMD a oibríonn faoin gcóras simplithe. Ar deireadh, tacaíonn BCE leis an gceanglas atá beartaithe idirbhearta laistigh de scéim socraíochta a shocrú in airgead bainc ceannais. Mar sin féin, níor cheart an ceanglas sin, a fhorchuirtear ar choimeádaithe cuntais TMD a bhfuil scéimeanna socraíochta á n-oibriú acu, a fhorléiriú mar cheanglas lena leathnaítear raon na n-eintiteas atá incháilithe cuntas bainc ceannais a bheith acu, ná mar cheanglas lena bhforchuirtear oibleagáid ar bhainc cheannais cuntas den sórt sin a sholáthar chun scéim socraíochta a reáchtáil.

5.6. *Grúpa tionscail chun socraíocht idir-inoibritheach idir bonneagair mhargaidh TMD a éascú*

Is díol sásaimh do BCE an togra go mbunódh oibreoirí bonneagar margaidh TMD agus coimeádaithe cuntas TMD grúpa tionscail chun caighdeáin a fhorbairt chun socraíocht a éascú atá oscailte do rannpháirtithe incháilithe eile freisin ([65]). Molann BCE gur cheart cuireadh a thabhairt do BCE agus do ESMA mar bhreathnóirí buana sa ghrúpa tionscail, seachas dul i gcomhairle leo go tréimhsiúil. Chothódh sé sin dlúthchomhairliúchán maidir le caighdeáin rialála agus mhargaidh a bhunú agus chuirfeadh sé comhsheasmhacht chun cinn leis an obair a dhéanann an tEurochóras mar sholáthraí seirbhísí socraíochta in CeBM le haghaidh idirbhearta téacschomharthaithe.

([63]) Féach mír 3.3.11 de Thuairim CON/2021/15 ón mBanc Ceannais Eorpach an 28 Aibreán 2021 maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le córas píolótach le haghaidh bonneagair mhargaidh atá bunaithe ar theicneolaíocht mórleabhar dáilte (IO C 244, 22.6.2021, lch. 4).

([64]) Féach Airteagal 8, pointe (14) den mháistir-rialachán atá beartaithe, lena gcuirtear Airteagal 10b(8) nua isteach in TMDPR.

([65]) Féach Airteagal 8, pointe (14) den mháistir-rialachán atá beartaithe, lena gcuirtear Airteagal 10g nua isteach in TMDPR.

6. **Críochnaitheacht socraíochta**

6.1. *Rialachán atá infheidhme go díreach*

Is díol sásaimh do BCE an rialachán atá beartaithe maidir le críochnaitheacht socraíochta a chuirfear in ionad Threoir 98/26/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([66]) (dá ngairtear an 'Treoir maidir le Críochnaitheacht Socraíochta' anseo feasta), agus an comhchuibhiú atá beartaithe ar nósanna imeachta, lena mbainfear amach aonfhoirmeacht iomlán ainmniúcháin do chórais an Aontais, agus lena dtabharfar isteach creat comhchuibhithe ar leibhéal an Aontais chun córais tríú tír a chlárú. Bheadh ar na Ballstáit, ar ghlacadh an rialachán atá beartaithe maidir le críochnaitheacht socraíochta, gach beart is gá a dhéanamh chun a ndlíthe náisiúnta a choigeartú, go tráthúil, chun na forálacha lena gcuirtear an Treoir maidir le Críochnaitheacht Socraíochta chun feidhme a aisghairm agus chun an rialachán atá beartaithe maidir le críochnaitheacht socraíochta agus is infheidhme go díreach a chomhlíonadh. Tá gá le gníomhaíochtaí den sórt sin chun deimhneacht dhlíthiúil agus comhoiriúnacht a áirithiú idir an rialachán atá beartaithe maidir le críochnaitheacht socraíochta agus an dlí náisiúnta ábhartha, lena n-áirítear reachtaíocht dócmhainneachta agus baincéireachta. Chun freastal ar na coigeartuithe sin, ba cheart dáta chur i bhfeidhm an rialachán atá beartaithe maidir le críochnaitheacht socraíochta agus dáta aisghairme an Treoir maidir le Críochnaitheacht Socraíochta a bheith bliain amháin tar éis dháta foilsithe an rialachán atá beartaithe maidir le críochnaitheacht socraíochta in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

6.2. *Nós imeachta agus coinníollacha maidir le córais de chuid an Aontais a ainmniú*

6.2.1. Leagtar amach sa rialachán atá beartaithe maidir le críochnaitheacht socraíochta sraith leathan coinníollacha atá le comhlíonadh chun córas a ainmniú ([67]). Tugann BCE dá aire go bhfuil forluí iomlán nó páirteach idir go leor de na coinníollacha sin agus na ceanglais atá ann cheana maidir le heagrúcháin, stuamacht agus formhaoirseacht a bunaíodh cheana faoi EMIR, CSDR, Rialachán (AE) 2025/1355 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2025/22) ([68]) (dá ngairtear 'Rialachán SIPS' anseo feasta), dlíthe náisiúnta lena rialaítear maoirseacht ar chórais íocaíochta ag bainc cheannais, agus faoi chreataí formhaoirseachta an Eurochórais.

6.2.2. Feictear do BCE go bhféadfaí dearadh an nós imeachta agus na gcoinníollacha maidir le hainmniú faoin rialachán atá beartaithe maidir le críochnaitheacht socraíochta a shimpliú agus a fheabhsú ([69]), go háirithe chun dúbailt na gceanglas eagraíochtúil, stuamachta agus maoirseachta atá ann cheana a sheachaint. Tá sé tábhachtach dúbailt den sórt sin a sheachaint ar roinnt cúiseanna. Ar an gcéad dul síos, sheachnófaí leis ualaí riaracháin agus rialála ar na hoibreoirí córais ábhartha a ndéantar measúnú orthu faoi chórais éagsúla i gcoinne ceanglais chomhionanna nó chomhchosúla. Ar an dara dul síos, chuirfeadh sé teorainn leis an dúbailt oibre do na húdaráis lena mbaineann. Ar an tríú dul síos, d'eisiafaí leis torthaí éagsúla idir údaráis ainmniúcháin agus údaráis inniúla. Ar an gceathrú dul síos, tá sé tábhachtach dúbailt den sórt sin a sheachaint chun feidhmiú neamhspleách bhunchúram an Eurochórais a áirithiú faoi Airteagal 127(2), an ceathrú fleasc, den Chonradh agus faoi Airteagal 3(1) de Reacht CEBC chun oibriú rianúil córas íocaíochta a chur chun cinn. Ar deireadh, tá seachaint na dúblála sin i gcomhréir le fócas an Choimisiúin chun beartais agus dlíthe an Aontais a shimpliú, agus chun iad a chur chun feidhme níos fearr, lena n-áirítear trí oibriú leis na Ballstáit agus tacú leo chomh maith le comhoibriú le hinstitiúidí eile de chuid an Aontais ([70]).

6.2.3. Dá réir sin, ba cheart gurb é an t-údarás ainmniúcháin ([71]) an t-údarás atá freagrach as maoirseacht nó formhaoirseacht a dhéanamh ar an oibreoir córais go comhsheasmhach. Agus measúnú á dhéanamh ar an gcóras i gcomparáid leis na coinníollacha ainmniúcháin, d'fhéadfadh an t-údarás sin, dá bhrí sin, leas a bhaint as a mheasúnú maoirseachta nó formhaoirseachta ar chomhlíontacht an oibreora córais leis na ceanglais rialála nó formhaoirseachta is infheidhme. Leis an gcur chuige sin, dhéanfaí taithí an mhaoirseora nó an mhaoirseora leis an oibreoir córais a ghiaráil agus sheachnófaí aon dúbláil rialacha agus aon choinbhleacht inniúlachtaí idir na húdaráis. Thacódh sé sin freisin le cuspóir an Choimisiúin comhchuibhiú a bhaint amach trí shraith aonfhoirmeach coinníollacha a thabhairt isteach. Maidir le córais arna n-oibriú ag an mbanc ceannais, chun comhlíonadh phrionsabal neamhspleáchas an bhainc ceannais a áirithiú, ba cheart, in aon chás, gurb é an banc ceannais a dhéanann maoirseacht air an t-údarás ainmniúcháin.

([66]) Treoir 98/26/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 1998 maidir le críochnaitheacht socraíochta i gcórais íocaíochta agus socraíochta urrús (IO L 166, 11.6.1998, lch. 45, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1998/26/oj).

([67]) Féach Airteagal 5(1) den rialachán atá beartaithe maidir le críochnaitheacht socraíochta.

([68]) Rialachán (AE) Uimh. 2025/1355 ón mBanc Ceannais Eorpach an 2 Iúil 2025 maidir le ceanglais formhaoirseachta le haghaidh córas íocaíochta a bhfuil tábhacht shistéamach leo (BCE/2025/22) (IO L 2025/1355, 14.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/1355/oj).

([69]) Féach Airteagail 4 agus 5 den rialachán atá beartaithe maidir le críochnaitheacht socraíochta.

([70]) Teachtaireacht ón gCoimisiún 'Eoraip níos simplí agus níos tapúla: Teachtaireacht maidir le cur chun feidhme agus simpliú' (COM (2025) 47 final).

([71]) Féach Airteagal 2(1), pointe 33, den rialachán atá beartaithe maidir le críochnaitheacht socraíochta.

6.3. *Forbairt caighdeán teicniúil rialála ag ESMA agus ag an Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE)*

Áirítear sa rialachán atá beartaithe maidir le críochnaitheacht socraíochta forálacha faoina bhféadfaidh ESMA agus ÚBE, i ndlúthchomhar le CEBC, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt lena saineofar a thuilleadh na coinníollacha ainmniúcháin ([72]). Mar a tugadh faoi deara thuas, tá forluí iomlán nó páirteach idir na coinníollacha ainmniúcháin agus na ceanglais atá ann cheana a bunaíodh cheana faoi EMIR, faoi CSDR agus, i gcás córas íocaíochta, faoi Rialachán SIPS agus faoi chreataí maoirseachta eile is infheidhme. Dá gcuirfí tuilleadh mionsonraí leis na coinníollacha sin, ní dhéanfaí ach castacht an chórais sin a mhéadú. Thairis sin, bheadh forluí suntasach idir na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a d'fhéadfadh ÚBE a fhorbairt i leith córas íocaíochta agus cumhachtaí rialála BCE faoi Airteagal 22 de Reacht CEBC i leith córas íocaíochta sa limistéar euro, lena n-áirítear córais arna n-oibriú ag an mbanc ceannais. Dá bhrí sin, ba cheart an cumhachtú sin do ESMA agus do ÚBE a bhaint den rialachán atá beartaithe maidir le críochnaitheacht socraíochta.

6.4. *Nós imeachta comhordaithe chun córais tríú tír a chlárú*

6.4.1. Mholfadh BCE freisin feabhsuithe ar an nós imeachta chun córais tríú tíortha a chlárú, chun iliomad nósanna imeachta clárúcháin comhthreomhara a sheachaint ar an leibhéal náisiúnta ([73]). Chuige sin, mholfadh BCE gur cheart d'údarás comhordúcháin aonair dul i gceannas ar chomhordú na n-idirghníomhaíochtaí leis an oibreoir córais tríú tír agus ar an measúnú ar a chomhlíontacht leis na coinníollacha maidir le clárú faoin rialachán atá beartaithe maidir le críochnaitheacht socraíochta. Ba cheart gurb é ESMA an t-údarás comhordúcháin le haghaidh córais socraíochta agus imréitigh urrús tríú tír agus gurb é BCE an t-údarás comhordúcháin le haghaidh córais íocaíochta tríú tír. Leanfadh údaráis chlárúcháin náisiúnta de bheith rannpháirteach le linn an phróisis agus dhéanfadh siad an cinneadh críochnaitheach maidir le clárú ina mBallstát.

6.4.2. Thairis sin, tuigeann BCE gurb é cuspóir an chórais chlárúcháin sin cosaintí an rialacháin atá beartaithe maidir le críochnaitheacht socraíochta leathnú chuig rannpháirtithe an Aontais i gcórais tríú tír den sórt sin. Molann BCE cuspóir agus éifeachtaí dlíthiúla beachta an tsínidh sin a shoiléiriú, agus go gcuireann an síneadh sin teorainn chomhréireach le cur i bhfeidhm rialacha substainteacha an Aontais maidir le glanluacháil, orduithe aistrithe, úsáid cistí agus ionstraimí airgeadais chun oibleagáidí rannpháirtithe maidir le córais ainmnithe amháin a chomhlíonadh.

6.5. *Soiléiriú ar roinnt sainmhínithe*

6.5.1. Ní luaitear líon íosta rannpháirtithe i sainmhíniú an rialacháin atá beartaithe maidir le críochnaitheacht socraíochta ar 'chóras' ([74]), murab ionann agus an sainmhíniú atá ann cheana sa Treoir maidir le Críochnaitheacht Socraíochta ([75]). D'fhéadfadh sé go mbeadh iarmhairt neamhbheartaithe aige sin an sainmhíniú a leathnú chuig raon leathan socruithe nár cheart a chumhdach leis an rialachán atá beartaithe maidir le críochnaitheacht socraíochta. Molann BCE go gcoinneofaí an t-íoslíon rannpháirtithe céanna sa sainmhíniú ar 'chóras' sa rialachán atá beartaithe maidir le críochnaitheacht socraíochta mar a shonraítear faoi láthair sa sainmhíniú comhfhreagrach sa Treoir maidir le Críochnaitheacht Socraíochta.

6.5.2. Leis an sainmhíniú atá beartaithe ar 'socraíocht' ([76]) trí thagairt do CSDR, tá sé beartaithe tagairt a dhéanamh do shocrú orduithe aistrithe urrús amháin. Ar an gcaoi chéanna, tá sé beartaithe go dtagrófar do TLUnna amháin leis an sainmhíniú ar 'imréiteach' trí thagairt a dhéanamh do EMIR sa rialachán atá beartaithe maidir le críochnaitheacht socraíochta ([77]). Mar sin féin, de réir an dea-chleachtais idirnáisiúnta, tá brí níos leithne le socraíocht, rud a d'fhéadfadh tagairt a dhéanamh d'urscaoileadh aon oibleagáide, ní hamháin iad siúd a bhaineann le hurrúis.

6.5.3. Tagraíonn an sainmhíniú atá beartaithe ar 'chóras socraíochta urrús' ([78]) (CSU) do shocrú aon orduithe aistrithe, lena n-áirítear socraíocht íocaíochta, agus ba cheart, dá bhrí sin, é a shonrú a thuilleadh. Ina theannta sin, luaitear in aithrisí an rialacháin atá beartaithe maidir le críochnaitheacht socraíochta ([79]) gur cheart go bhféadfaí córais arna n-oibriú ag bonneagair mhargaidh TMD a ainmniú i gcomhréir le TMDPR faoin rialachán atá beartaithe maidir le críochnaitheacht socraíochta, faoi réir chomhlíonadh na gcoinníollacha a leagtar amach in TMDPR agus sa rialachán atá beartaithe maidir le críochnaitheacht socraíochta araon. Dá bhrí sin, tuigeann BCE gurb é rún an sainmhínithe ar CSU faoin rialachán atá beartaithe maidir le críochnaitheacht socraíochta ná córais arna n-oibriú

([72]) Féach Airteagail 5(2) agus 3 den rialachán atá beartaithe maidir le críochnaitheacht socraíochta.
([73]) Féach Airteagail 12 go 16 den rialachán atá beartaithe maidir le críochnaitheacht socraíochta.
([74]) Féach Airteagal 2(1), pointe (1), den rialachán atá beartaithe maidir le críochnaitheacht socraíochta.
([75]) Feach Airteagal 2, pointe (a), den rialachán atá beartaithe maidir le críochnaitheacht socraíochta.
([76]) Féach Airteagal 2(1), pointe (3), den rialachán atá beartaithe maidir le críochnaitheacht socraíochta.
([77]) Féach Airteagal 2(1), pointe (4), den rialachán atá beartaithe maidir le críochnaitheacht socraíochta.
([78]) Féach Airteagal 2(1), pointe 5, den rialachán atá beartaithe maidir le críochnaitheacht socraíochta.
([79]) Féach aithris 7 den rialachán atá beartaithe maidir le críochnaitheacht socraíochta.

ag bonneagair mhargaidh TMD i gcomhréir le TMDPR a chuimsiú, cibé acu SSanna TMD nó TSSanna TMD. Molann BCE go n-áiritheofaí nasc fónta leis an sainmhíniú ar CSU faoi CSDR ([80]) agus leis an gceanglas in CSDR nach bhféadfaidh ach CSDanna údaraithe CSUnna a oibriú, chun aon éiginnteacht dhlíthiúil a sheachaint maidir leis an bhféidearthacht córas trádála agus socraíochta TMD arna oibriú ag gnólacht infheistíochta a ainmniú mar CSU. Ar deireadh, d'fhéadfaí a shoiléiriú freisin an bhfuil sé beartaithe leis an sainmhíniú ar CSU faoin rialachán atá beartaithe maidir le críochnaitheacht socraíochta scéimeanna socraíochta arna mbunú i gcomhréir le TMDPR (féach mír 5.5.2) a chuimsiú, chun go bhféadfaí iad a ainmniú faoin rialachán atá beartaithe maidir le críochnaitheacht socraíochta. Más é sin an rún reachtach, ba cheart anailís a dhéanamh ar na himpleachtaí dlíthiúla a bhaineann leis agus aghaidh a thabhairt orthu sa rialachán atá beartaithe maidir le críochnaitheacht socraíochta.

6.5.4. Áirítear leis an sainmhíniú atá beartaithe ar 'rannpháirtí' i gcóras ainmnithe, i dteannta áireamh institiúidí airgeadais rialáilte áirithe ([81]), aon eintiteas seachas na heintitis liostaithe sin ([82]). Sainmhínítear an téarma 'comhalta córais' mar eintiteas den sórt sin ([83]). Leis na coinníollacha dá bhforáiltear sa rialachán atá beartaithe maidir le críochnaitheacht socraíochta chun go nglacfaí le comhalta córais mar rannpháirtí córais ([84]), ní dhéantar an sainmhíniú a shoiléiriú a thuilleadh, ós rud é gur cheart d'aon rannpháirtí na coinníollacha sin a chomhlíonadh a priori. D'fhéadfaí an téarma 'eintiteas' a shoiléiriú sna forálacha sin mar dhuine dlítheanach, chun aon débhríocht a sheachaint go bhfuil sé beartaithe leis an téarma sin daoine nádúrtha a chumhdach freisin. Ba cheart aon chuimsiú daoine nádúrtha sa sainmhíniú ar 'rannpháirtí' nó ar 'chomhalta córais' amach anseo a bheith faoi réir measúnú tionchair críochnúil, i bhfianaise na mbreithnithe a leagtar amach i mír 4.3 freisin.

6.5.5. Is cosúil go dtugtar le tuiscint leis an sainmhíniú atá beartaithe ar 'ordú aistrithe' ([85]) nach mbeadh feidhm ag taifeadadh 'trí chuntas reatha nó trí thaifeadadh leictreonach ar chlár a bhfuil feidhm chomhchosúil nó eile aige' ach amháin maidir le horduithe aistrithe urrús, gan míniú a thabhairt ar an ngá atá le rún reachtach den sórt sin. Ós rud é gur féidir TMD a úsáid freisin chun cistí a aistriú, ba cheart an sainmhíniú sin a leathnú.

6.5.6. D'fhéadfadh sé a bheith deacair an sainmhíniú atá beartaithe ar 'lá gnó' ([86]), agus a chur i bhfeidhm i bhforálacha ábhartha an rialacháin atá beartaithe maidir le críochnaitheacht socraíochta ([87]), a chur i bhfeidhm maidir le córais a oibríonn go leanúnach ar bhonn '24/7', lena n-áirítear córais íocaíochta meandraí agus córais a d'fhéadfadh a bheith bunaithe ar TMD. Dá bhrí sin, d'fhéadfaí athbhreithniú a dhéanamh ar an sainmhíniú agus an méid sin á chur san áireamh.

6.6. *Idirghníomhú idir córais TMD agus críochnaitheacht socraíochta*

De bhun an rialacháin atá beartaithe maidir le críochnaitheacht socraíochta, ceanglaítear ar chórais ainmnithe a úsáideann TMD 'sásraí a chur chun feidhme lena ráthófar tráthanna críochnaitheachta cinnteachaíocha' ([88]). Ba ghá impleachtaí na forála sin do na socruithe dlíthiúla sna rialacha córais agus comhoiriúnacht na réiteach teicneolaíoch le haghaidh socraíocht atá bunaithe ar TMD leis an gceanglas sin a shoiléiriú a thuilleadh chun iarmhairtí neamhbheartaithe a sheachaint, trí idirdhealú níos fearr a dhéanamh idir ceanglais dhlíthiúla agus theicneolaíocha.

6.7. *Idirghníomhú leis na cosaintí do chóras ainmnithe faoin Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc*

Le Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([89]) (dá ngairtear 'TTRB' anseo feasta) soláthraítear roinnt cosaintí sonracha do chórais arna n-ainmniú i gcomhréir leis an Treoir maidir le Críochnaitheacht Socraíochta ([90]). Molann BCE go smaoineodh na comhreachtóirí ar na cosaintí sin a leathnú chuig córais tríú tír atá cláraithe de bhun an rialacháin atá beartaithe maidir le críochnaitheacht socraíochta, i gcás inarb ábhartha, go háirithe ar mhaithe le rannpháirtithe an Aontais sna córais sin.

([80]) Féach Airteagal 2(1), pointe (10), den CSDR.
([81]) Féach Airteagal 2(1), pointe (15)(a)(i) go (vi), den rialachán atá beartaithe maidir le críochnaitheacht socraíochta.
([82]) Féach Airteagal 2(1), pointe (15)(a)(vii), den rialachán atá beartaithe maidir le críochnaitheacht socraíochta.
([83]) Féach Airteagal 2(1), pointe (16), den rialachán atá beartaithe maidir le críochnaitheacht socraíochta.
([84]) Féach Airteagal 7(2) den rialachán atá beartaithe maidir le críochnaitheacht socraíochta.
([85]) Féach Airteagal 2(1), pointe (20), den rialachán atá beartaithe maidir le críochnaitheacht socraíochta.
([86]) Féach Airteagal 2(1), pointe (28), den rialachán atá beartaithe maidir le críochnaitheacht socraíochta.
([87]) Féach Airteagail 17 agus 19 den rialachán atá beartaithe maidir le críochnaitheacht socraíochta.
([88]) Féach Airteagal 21(1) den rialachán atá beartaithe maidir le críochnaitheacht socraíochta.
([89]) Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat le haghaidh institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta a théarnamh agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle, agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 648/2012, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190).http://data.europa.eu/eli/dir/2014/59/oj.
([90]) Mar shampla, Airteagail 44(2), 69(4), 70(2) agus 71(3) de TTRB.

6.8. *Idirghníomhú le dlíthe náisiúnta maidir le socraíocht chríochnaitheach orduithe aistrithe airgid thirim agus urrús*

Luaitear sa rialachán atá beartaithe maidir le críochnaitheacht socraíochta go bhfuil tráth na socraíochta críochnaithí le 'cinneadh de réir rialacha comhchoiteanna agus nósanna imeachta caighdeánaithe gach córais ainmnithe, i gcomhréir leis an dlí is infheidhme maidir le haistriú úinéireachta agus ceart eile' ([91]). Ceanglaítear ar oibreoirí córas idir-inoibritheach a áirithiú, a mhéid is féidir, go ndéanfar rialacha na gcóras idir-inoibritheach uile lena mbaineann a chomhordú ([92]). Thairis sin, féadfaidh ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt chun na rialacha a shonrú maidir le tráth na socraíochta críochnaithí a chinneadh ([93]). Ós rud é nach bhfuil dlíthe lena rialaítear aistriú úinéireachta agus cearta eile comhchuibhithe ar fud an Aontais (agus nach bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún iad a chomhchuibhiú), tuigeann BCE nach féidir na hoibleagáidí a fhorchuirtear ar oibreoirí córais a fhorléiriú ach amháin mar oibleagáid chun forálacha an dlí náisiúnta is infheidhme a thaifeadadh go dílis, agus nach féidir le RTS ESMA ach comhlíonadh na hoibleagáide sin a éascú, gan tráth na socraíochta críochnaithí faoin rialachán atá beartaithe maidir le críochnaitheacht socraíochta a shainiú ([94]).

7. **Margaí i gcriptea-shócmhainní**

7.1. *Feabhas a chur ar an gcreat maoirseachta le haghaidh SSCSanna — maoirseacht ESMA ar SSCSanna*

7.1.1. Is díol sásaimh do BCE an togra ón gCoimisiún chun an creat maoirseachta do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní (SSCSanna) a neartú trí chumhachtaí údaraithe, faireacháin agus forfheidhmithe do gach SSCS a aistriú ó na húdaráis inniúla náisiúnta chuig ESMA ([95]). Leis an mbeart sin, áiritheofar cóineasú maoirseachta, laghdófar ilroinnt agus maolófar rioscaí trasteorann i margaí cripteashócmhainní, rud a thacóidh le cobhsaíocht airgeadais agus le sláine an mhargaidh aonair. Chuige sin, agus an creat nua á cheapadh agus á chur chun feidhme aige, ba cheart do ESMA tairbhe a bhaint as ionchur teicniúil agus saineolas na n-údarás náisiúnta. Bíonn bainc ag gabháil de sheirbhísí cripteashócmhainní níos mó agus níos mó, agus ar an gcaoi sin forbraítear idirnaisc oibríochtúla agus airgeadais le SSCSanna, go háirithe iad siúd a eagraítear mar ghrúpaí ilfheidhme lena ndéantar cumhdach, trádáil, socraíocht agus croísheirbhísí eile a chuachadh laistigh de struchtúir chorparáideacha trasteorann. Mar a léirigh BERS, feidhmíonn grúpaí den sórt sin lasmuigh den mhaoirseacht chomhdhlúite den chuid is mó, rud a mhéadaíonn bealaí tógálachta inghrúpa, agus is féidir leo clistí rialachais, suaitheadh oibríochtúil nó suaití leachtachta a tharchur isteach sa chóras airgeadais. Is amhlaidh atá go háirithe i gcás ina ngníomhaíonn grúpaí den sórt sin mar sholáthraithe seirbhíse tríú páirtí criticiúla do bhainc ([96]). Eascraíonn neamhchosaintí indíreacha nó díreacha breise ó bhainc a thairgeann seirbhísí baincéireachta do SSCSanna, a thaisceann a gcistí cliant le bainc, toisc gur féidir suaití a tharchur chuig bainc a fhaigheann méideanna ábhartha taiscí ó SSCSanna. Léiríonn na leochaileachtaí struchtúracha sin an gá atá le córas maoirseachta láraithe de chuid an Aontais le haghaidh SSCSanna, córas a bheidh in ann aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sistéamacha a bhaineann le SSCSanna a bhfuil gníomhaíochtaí suntasacha acu, aistriú riosca isteach sa chóras baincéireachta a chosc agus cobhsaíocht airgeadais a chosaint. Chun tacú leis na cuspóirí sin, molann BCE gur cheart soiléirithe teicniúla a dhéanamh ar na tograí ón gCoimisiún maidir le ceanglais stuamachta do SSCSanna, lena n-áirítear na tograí sin a bhaineann le ceanglais iniúchóireachta reachtúla agus cistí dílse atá íogair ó thaobh riosca de a thabhairt isteach.

7.1.2. Thairis sin, molann BCE, in MiCAR, catagóir na SSCSanna suntasacha a choinneáil agus na critéir atá ann cheana a leathnú chun méadrachtaí oibiachtúla a bhfuil tábhacht ag baint leo a chur san áireamh (e.g. méid, gníomhaíocht trasteorann, ábharthacht shistéamach, méid na dtrádálacha d'ardáin, an méid a mhalartaítear ar chistí, agus breithniú ar ghníomhaíochtaí uile-ghrúpa). Ba cheart foráil a dhéanamh maidir le hathbhreithniú rialta ar na critéir le haghaidh SSCSanna suntasacha, agus leas á bhaint as ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí a fuarthas lena gcur i bhfeidhm. Chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí agus ar dheiseanna arbatráiste rialála a eascraíonn as struchtúir ghrúpa chasta neamh-chomhdhlúite agus as páirtithe a bhfuil dlúthnaisc acu, ba cheart a iarraidh arSSCSanna suntasacha máthairghnóthas idirmheánach a bhunú san Aontas ([97]) agus a áirithiú go mbeidh pleananna téarnaimh ar leibhéal grúpa i bhfeidhm acu. Ba cheart an ceanglas máthairghnóthas idirmheánach a bhunú san Aontas a bheith infheidhme freisin i ngach cás ina rialaíonn gnólacht tríú tír, san Aontas, institiúid creidmheasa agus SSCS agus/nó institiúid ríomh-airgid a eisíonn comharthaí ríomh-airgid nó comharthaí sócmhainn-tagartha araon.

([91]) Féach Airteagal 21(1) den rialachán atá beartaithe maidir le críochnaitheacht socraíochta.
([92]) Féach Airteagal 21(2) den rialachán atá beartaithe maidir le críochnaitheacht socraíochta.
([93]) Féach Airteagal 21(3) den rialachán atá beartaithe maidir le críochnaitheacht socraíochta.
([94]) Féach Airteagal 21(1) den rialachán atá beartaithe maidir le críochnaitheacht socraíochta.
([95]) Féach Airteagal 9, pointe (22), den mháistir-rialachán atá beartaithe, lena gcuirtear Caibidil 6 nua isteach i dTeideal VII de MiCAR.
([96]) Féach freisin BERS 'Crypto-assets and decentralised finance: Report on stablecoins, crypto-investment products and multifunction groups', Deireadh Fómhair 2025, atá le fáil ar shuíomh gréasáin BERS ag www.esrb.europa.eu.
([97]) Is féidir é sin a chur i gcomparáid le hAirteagal 21b de Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (IO L176, 27.6.2013, lch. 338, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2013/36/oj) (dá ngairtear 'CRD' anseo feasta).

7.1.3. Ba cheart coinne a bheith leis freisin go gcuirfidh SSCSanna suntasacha (a) rialuithe inmheánacha agus socruithe bainistithe riosca feabhsaithe i bhfeidhm, lena n-áirítear chun coinbhleachtaí leasa a bhainistiú; (b) creataí luacha saothair fónta a ghlacadh; (c) formheas maoirseachta roimh ré a cheangal le haghaidh stiúrthóirí agus ceapacháin ardbhainistíochta; agus (d) nochtadh agus tuairisciú feabhsaithe a dhéanamh ar leibhéal an eintitis agus an ghrúpa araon.

7.1.4. Molann BCE freisin athbhreithniú a dhéanamh ar Iarscríbhinn VII a ghabhann le MiCAR chun cumhdach cuimsitheach ar ghníomhaíochtaí na SSCSanna uile a áirithiú, lena n-áirítear cumhdach, trádáil agus socrú, agus soiléiriú a dhéanamh ar chumhachtaí ESMA fíneálacha, íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla agus fionraí seirbhísí a fhorchur.

7.1.5. Tá dhá ráiteas chríochnaitheacha ag BCE. Ar an gcéad dul síos, meabhraíonn BCE gurb iad dhá cheann de spriocanna MiCAR infheisteoirí a chosaint agus iomaíocht chóir a áirithiú. I bhfianaise an mhéid sin, cuireann MiCAR toirmeasc san Aontas ar chripteamhonaí cobhsaí nach bhfuil comhlíontach le MiCAR a thairiscint don phobal. D'ainneoin an toirmisc sin, tá fianaise ann go bhfuil seirbhísí MiCAR á soláthar san Aontas i ndáil le cripteamhonaí cobhsaí nach bhfuil údaraithe le MiCAR, lena n-áirítear cripteamhonaí cobhsaí nach bhfuil a sásra cobhsaíochta bunaithe ar chúlsócmhainní a shealbhú ach ar shamhlacha algartamacha. Baineann sé sin an bonn de chosaint infheisteoirí agus d'fhéadfadh sé a bheith ina bhagairt freisin ar oibriú rianúil córas íocaíochta, ar tharchur beartais airgeadaíochta agus ar cheannasacht airgeadaíochta. Dá réir sin, molann BCE soiléireacht maidir leis na seirbhísí a thagann faoi imlíne 'tairisceana' cripteamhonaí cobhsaí, chun ilroinnt a sheachaint agus chun an riosca a sheachaint go bhféadfadh roinnt SSCSanna dul thar an teorainn corruair idir soláthar seirbhísí nach mbaineann le tairiscint agus tairiscint a dhéanamh don phobal. Ar an dara dul síos, meabhraíonn BCE nach mór don Choimisiún tuarascáil eatramhach a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur i bhfeidhm MiCAR lena ngabhfaidh, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach ([98]). Is díol sásaimh do BCE an deis thábhachtach sin athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar MiCAR agus forbairtí ábhartha sa mhargadh á gcur san áireamh agus tá sé réidh chun a shaineolas a chur ar fáil don athbhreithniú sin. Mar shampla, tá sé fíor-riachtanach an creat a leasú chun feabhas a chur ar na hoibleagáidí tuairiscithe atá ar SSCSanna, agus a áirithiú go gcumasófar leis an gcreat rialála bearta breise a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní maidir le cobhsaíocht airgeadais a eascraíonn as comharthaí sócmhainn-tagartha agus EMTanna a eisiúint agus a scaipeadh, go háirithe ag eintitis tríú tír.

7.2. *Aistriú maoirseachta ar eintitis arb é seirbhísí cripteashócmhainní a bpríomhghníomhaíocht chuig ESMA*

Tacaíonn BCE leis an togra chun an mhaoirseacht ar eintitis a údaraítear faoi cheadúnas eile seachas ceadúnas SSCS a aistriú chuig ESMA, a luaithe a bheidh soláthar seirbhísí cripteashócmhainní ina phríomhghníomhaíocht acu. I gcás démhaoirseachta, beidh comhar dea-struchtúrtha idir ESMA agus an t-údarás inniúil ábhartha fíor-riachtanach, bunaithe ar leithdháileadh freagrachtaí atá sainithe go soiléir, arna dhoiciméadú i gcomhaontuithe comhair a forbraíodh go comhpháirteach agus arna oibríochtú go cuí, mar shampla trí chomhfhoirne maoirseachta. Ina theannta sin, d'fhéadfaí an sainmhíniú ar thairseacha lena spreagtar aistriú den sórt sin a shoiléiriú. Ar an gcéad dul síos, chun a áirithiú go bhfuil feidhm aige freisin maidir le gnólachtaí a chomhcheanglaíonn gníomhaíochtaí airgeadais agus neamhairgeadais, d'fhéadfaí gníomhaíochtaí seirbhísí airgeadais iomlána na n-eintiteas sin san Aontas a chur san áireamh sa sainmhíniú ar thairseacha. Thairis sin, d'fhéadfadh sé nach ngabhfadh spleáchas ar mhéadracht aonair, amhail láimhdeachas 50 %, samhlacha gnó go leordhóthanach i gcás inarb é méid na n-oibríochtaí seachas ioncaim (e.g. coimeád, ionad trádála) an príomhthionscnóir riosca. D'fhéadfaí machnamh a dhéanamh freisin ar thrádáil dílseánaigh i gcriptea-shócmhainní agus i ndíorthaigh chomh maith le criptea-shócmhainní a fháil ar iasacht agus a thabhairt ar iasacht, ós rud é go bhfuil na gníomhaíochtaí sin oiriúnach chun rioscaí ábhartha a chruthú nach ngabhtar le cur chuige bunaithe ar láimhdeachas. Le comhaontuithe comhair idir ESMA agus údaráis inniúla eile, is cosúil go n-áiritheofar aistriú rianúil agus maoirseacht éifeachtach ar ghníomhaíochtaí iarmharacha. Ar deireadh, molann BCE a shoiléiriú, i gcás institiúidí creidmheasa, go bhféadfaí forfheidhmiú ceanglas faireacháin maidir le drochúsáid mhargaidh le haghaidh gníomhaíochtaí SSCS agus forfheidhmiú gaolmhar a shannadh do ESMA freisin, ós rud é nach gcumhdaítear na gníomhaíochtaí sin le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle ([99]). Ag an am céanna, ba cheart do ESMA an t-údarás inniúil a chur ar an eolas, faoi CRD, sula nglacfaidh sé aon bheart maoirseachta nó sula dtionscnóidh sé aon ghníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin, i bhfianaise na n-impleachtaí a d'fhéadfadh a bheith acu d'fhóntacht na hinstitiúide agus chun gníomhaíochtaí a chomhordú faoi na sainorduithe faoi seach.

([98]) Féach Airteagal 140 de MiCAR.

([99]) Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013 lena dtugtar cúraimí sonracha don Bhanc Ceannais Eorpach maidir le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa (IO L 287, 29.10.2013, lch. 63, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1024/oj).

8. **Bainistíocht sócmainní**

8.1. Tacaíonn BCE go hiomlán leis na gnéithe de na tograí ón gCoimisiún lena bhféachtar le deireadh a chur le bacainní a chuireann srian le comhtháthú trasteorann earnáil bainistíochta sócmhainní na hEorpa tríd an gcreat rialála a chomhchuibhiú tuilleadh. I ndeireadh na dála, ba cheart leabhar rialacha aonair agus cóineasú maoirseachta méadaithe laistigh den earnáil a bheith mar thoradh ar na hiarrachtaí sin. Thacódh earnáil chomhtháite nach bhfuil chomh hilroinnte céanna le cuspóirí agus cúraimí BCE agus an Eurochórais. Ar an gcéad dul síos, is féidir le hearnáil chomhtháite bainistíochta sócmhainní tarchur an bheartais airgeadaíochta a éascú ar fud an limistéir euro ([100]) agus comhroinnt phríobháideach riosca trasteorann a chothú, agus ar an gcaoi sin an t-ualach ar an Eurochóras a laghdú chun cobhsú frith-thimthriallach a sholáthar mar fhreagairt ar thurraingí neamhghnácha ([101]). Ar an dara dul síos, trí dheireadh a chur le bacainní a chuireann bac ar shreabhadh caipitil thar theorainneacha faoi láthair, is féidir cuidiú le hilroinnt airgeadais sa limistéar euro a mhaolú. Ar an tríú dul síos, le creat maoirseachta níos comhtháite, lena n-áirithítear cothrom iomaíochta maoirseachta, agus a bhfuil uirlisí láidre macrastuamachta aige, is féidir athléimneacht na hearnála idirghabhála airgeadais neamhbhainc a fheabhsú ([102]), agus ar an gcaoi sin cobhsaíocht airgeadais a chosaint. Thacódh sé sin freisin le cúraimí BCE mar mhaoirseoir baincéireachta, i bhfianaise na n-idirnasc atá ag méadú idir bainc agus neamhbhainc ([103]).

8.2. Ar na cúiseanna sin, tacaíonn BCE, go háirithe, leis na gnéithe seo a leanas de na tograí ón gCoimisiún: (a) cumhacht a thabhairt do ESMA gníomhú mar mhol lárnach le haghaidh margaíocht trasteorann gnóthas le haghaidh comhinfheistíocht in urrúis inaistrithe (GCUInna) agus cistí infheistíochta malartacha (CIManna) ([104]) agus ardáin chomhair a bhunú chun comhlíonadh dhlí an Aontais a áirithiú agus chun aghaidh a thabhairt ar chleachtais mhaoirseachta éagsúla nó easnamhacha ([105]);(b) pas taisce uile-Aontais a thabhairt isteach, lena gceadaítear do GCUInna agus do bhainisteoirí cistí infheistíochta malartacha (BCIManna) taisclann a cheapadh atá lonnaithe áit ar bith laistigh den Aontas agus lena gceadaítear do thaiscithe a gcuid seirbhísí a thairiscint ar bhonn trasteorann ([106]), lena n-áirítear na coimircí sna tograí ón gCoimisiún nár cheart an pas taisce a bheith infheidhme ach amháin maidir le taiscí atá údaraithe mar institiúidí creidmheasa nó mar ghnólachtaí infheistíochta agus atá faoi réir ceanglais stuamachta agus maoirseacht níos aonfhoirmí ar chúraimí taisce mar a rialaítear i dtreoracha GCUI agus BCIManna; agus (c) coincheap grúpa cuideachtaí bainistíochta agus BCIManna de chuid an Aontais a thabhairt isteach ([107]), lena n-áirítear soiléiriú nach tarmligean iad socruithe inghrúpa áirithe ([108]). Ag an am céanna, beidh sé tábhachtach freisin cóineasú maoirseachta agus comhar maoirseachta a neartú i leith ghrúpaí an Aontais, chun a áirithiú nach mbeidh caochspotaí maoirseachta mar thoradh ar lárú feidhmeanna i ngrúpa ná nach gcruthófar pointe aonair teipe ina bhfuil na feidhmeanna criticiúla lonnaithe.

([100]) Féach measúnú BCE ar an straitéis beartais airgeadaíochta, 2025, inar cuireadh i dtábhacht an gá atá le hathruithe a d'fhéadfadh a bheith ann a chur san áireamh maidir le tarchur beartais airgeadaíochta a bhaineann, mar shampla, le tosca struchtúracha, amhail an méadú ar idirghabháil airgeadais neamhbhainc nó laguithe tarchuir, mar gheall, mar shampla, ar ilroinnt nó ar strus sa mhargadh. Féach freisin BCE (2021), Non-bank financial intermediation in the euro area: implications for monetary policy transmission and key vulnerabilities [Idirghabháil airgeadais neamhbhainc sa limistéar euro: impleachtaí do tharchur beartais airgeadaíochta agus príomhleochaileachtaí], ECB Occasional Paper Series, Uimh. 270. Ar fáil ar shuíomh gréasáin BCE ar www.ecb.europa.eu.

([101]) Féach BCE (2018), 'Risk sharing in the euro area', Economic Bulletin, Eagrán 3, inar leagadh béim ar ról na margaí airgeadais éifeachtúla agus comhtháite mar réamhriachtanas lárnach le haghaidh comhroinnte éifeachtaí riosca phríobháidigh sa limistéar euro. Ar fáil ar shuíomh Gréasáin BCE ag www.ecb.europa.eu.

([102]) Féach Tuairim CON/2022/26 ón mBanc Ceannais Eorpach an 9 Lúnasa 2022 maidir le togra le haghaidh treoir maidir le socruithe tarmligin, bainistiú priacail leachtachta, tuairisciú maoirseachta, soláthar seirbhísí taisce agus cumhdaigh agus tionscnamh iasachta ag cistí infheistíochta malartacha (IO C 379, 3.10.2022, lch. 1).

([103]) Féach BCE (2025), an tAthbhreithniú ar Chobhsaíocht Airgeadais, Caibidil 4, ina scrúdaítear an riosca sistéamach a eascraíonn as naisc idir bainc agus idirghabhálaithe airgeadais neamhbhainc, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin BCE ag www.ecb.europa.eu.

([104]) Féach Airteagal 6, pointe (10), den mháistir-rialachán atá beartaithe, a chuirtear in ionad Airteagal 12 de Rialachán (AE) 2019/1156 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le dáileadh trasteorann gnóthas comhinfheistíochta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 345/2013, (AE) Uimh. 346/2013 agus (AE) Uimh. 1286/2014 (IO L 188, 12.7.2019, lch. 55, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1156/oj).

([105]) Féach Airteagal 1, pointe (16), den mháistir-rialachán atá beartaithe, lena gcuirtear Airteagal 19a nua isteach sa Rialachán ESMA.

([106]) Féach Airteagail 1, pointe (16), agus 2, pointe (11), den mháistir-treoir atá beartaithe, lena leasaítear, faoi seach, Airteagal 23(1) de Threoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhordú forálacha reachtaíochta, rialachán agus forálacha riaracháin a bhaineann le gnóthais i gcomhair comhinfheistíocht in urrúis inaistrithe (GCUInna) (IO L 302, 17.11.2009, lch. 32, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/65/oj)(dá ngairtear 'Treoir GCUI' anseo feasta) agus Airteagal 21(5) de Threoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha agus lena leasaítear Treoracha 2003/41/CE agus 2009/65/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009 agus (AE) Uimh. 1095/2010 (IO L 174, 1.7.2011, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/61/oj)(dá ngairtear 'Treoir BCIM' anseo feasta).

([107]) Féach Airteagail 1, pointe (2), agus 2, pointe (1), den mháistir-treoir atá beartaithe, lena gcuirtear, faoi seach, Airteagal 2(1), pointe (v) nua, le Treoir GCUI agus Airteagal 4(1), pointe (av) nua, le Treoir BCIM. Tugtar isteach an coincheap maidir le grúpa cuideachtaí bainistíochta agus BCIManna de chuid an Aontais go sonrach chun na gcríoch a leagtar amach sna tograí ón gCoimisiún, agus tá sé ar leithligh ó choincheap an ghrúpa faoi na creataí stuamachta do bhainc agus do ghnólachtaí infheistíochta, agus gan dochar don choincheap sin.

([108]) Féach Airteagail 1, pointe (8), agus 2, pointe (10), den mháistir-treoir atá beartaithe, lena leasaítear, faoi seach, Airteagal 13(3) de Threoir GCUI agus Airteagal 20(6a) de Threoir BCIM.

8.3. Is díol sásaimh do BCE an togra ón gCoimisiún chun an teorainn le haghaidh GCUInna a infheistíonn in urrúsuithe arna n-eisiúint i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/2402 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([109]) (i.e. urrúsú simplí, trédhearcach agus caighdeánaithe, arna dhéanamh ag comhlacht eisiúna aonair) a mhéadú ón teorainn reatha 10 % go dtí teorainn níos airde 15 % ([110]). Tá an leasú seo comhsheasmhach leis na tograí is déanaí ón gCoimisiún chun feidhmiú an chreata urrúsúcháin a fheabhsú ([111]). Tá BCE den tuairim go bhféadfadh an teorainn mhéadaithe atá beartaithe tacú le rannpháirtíocht infheisteoirí sa mhargadh urrúsúcháin, agus molann sé go bhféadfaí an teorainn a mhéadú tuilleadh, mar shampla, go 20 %. É sin ráite, cuireann BCE i bhfios go láidir nár cheart an teorainn sin a bhaint go hiomlán, ná a mhéadú go hiomarcach, toisc go bhfónann sí do spriocanna tábhachtacha beartais, amhail coimircí iomchuí a choinneáil le haghaidh bainistiú riosca leordhóthanach agus cosaint infheisteoirí, go háirithe d'infheisteoirí miondíola. Ina theannta sin, chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt d'infheistíochtaí sa mhargadh urrúsúcháin, ba cheart na ceanglais díchill chuí le haghaidh CIManna a leagtar amach faoi Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 231/2013 ón gCoimisiún ([112]) a ailíniú leis na ceanglais díchill chuí níos simplí agus níos comhréirí d'infheisteoirí a mholtar i gcomhthéacs na dtograí ón gCoimisiún chun feidhmiú an chreata urrúsúcháin a fheabhsú.

8.4. Is díol sásaimh do BCE go méadófar ról cóineasaithe maoirseachta ESMA don earnáil bainistíochta sócmhainní leis na tograí ón gCoimisiún. Go háirithe, fáiltíonn BCE go dtabharfar an chumhacht do ESMA athbhreithnithe bliantúla a dhéanamh ar ghrúpaí móra cuideachtaí bainistíochta de chuid an Aontais agus ar BCIManna ([113]). Céim a bheidh sna hathbhreithnithe bliantúla sin i dtreo measúnú a dhéanamh ar bhacainní ar fheidhmiú trasteorann na hearnála agus aghaidh a thabhairt orthu agus a áirithiú go ndéanfar rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann a mheas go hiomchuí agus go dtabharfar aghaidh orthu go hiomchuí. Tá sé comhréireach díriú ar na grúpaí is mó ar bhonn mhéid agus ar bhonn ghníomhaíocht trasteorann agus cuimsítear na heintitis is ábhartha leis an gcur chuige sin. Molann BCE roinnt soiléirithe teicniúla maidir le raon feidhme agus minicíocht na n-athbhreithnithe chun a n-éifeachtacht a áirithiú, i gcomhréir le cuspóir agus inniúlachtaí ESMA faoi Rialachán ESMA.

8.5. Cuireann BCE i bhfios go láidir go bhfuil rioscaí tógálachta trasteorann níos airde don chobhsaíocht airgeadais i gceist freisin le comhtháthú breise an tionscail bainistíochta sócmhainní. Chun tairbhe a bhaint as an Aontas Coigiltis agus Infheistíochta, ba cheart na margaí caipitil a bheith ina bhfoinse athléimneach inbhuanaithe maoinithe, go háirithe le linn tréimhsí struis. Chuige sin, tá gá le creat stuamachta lenar féidir rioscaí sistéamacha atá ag teacht chun cinn in áit ar bith ar fud an chórais airgeadais ina iomláine a bhrath agus aghaidh a thabhairt orthu. Dá bhrí sin, ba cheart athbhreithniú ar chreat macrastuamachta an Aontais a bheith ag gabháil leis an maoirseacht níos comhtháite ar chistí agus ar bhainisteoirí atá beartaithe trí leasuithe spriocdhírithe ar Threoracha GCUI agus BCIM, arb é is aidhm dóibh cur chuige macrastuamachta a fhorbairt in éineacht le maoirseacht mhicreastuamachta. Mar a leagtar amach i bhfreagairt an Eurochórais ar chomhairliúchán an Choimisiúin Eorpaigh maidir le beartais mhacrastuamachta le haghaidh idirghabháil airgeadais neamhbhainc, tá gá le leasuithe spriocdhírithe den sórt sin chun faireachán ar fud na hearnála, measúnuithe riosca réamhbhreathnaitheacha agus, i gcás inar gá, gníomhachtú beart coisctheach chun cobhsaíocht airgeadais a chosaint a chumasú ar bhealach níos fearr ([114]).

8.6. Ar deireadh, molann BCE leasuithe spriocdhírithe ar na forálacha maidir le malartú faisnéise faoi Threoracha GCUI agus BCIM chun rochtain a shoiléiriú agus a fheabhsú do BCE agus do chomhaltaí ábhartha eile CEBC ar shonraí maidir le GCUInna agus BCIManna. Tá gá leis sin chun cinntí beartais airgeadaíochta níos eolaí a áirithiú, chun

([109]) Rialachán (AE) 2017/2402 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 lena leagtar síos creat ginearálta maidir le hurrúsú agus lena gcruthaítear creat sonrach maidir le hurrúsú simplí trédhearcach caighdeánaithe, agus lena leasaítear Treoracha 2009/65/CE, 2009/138/CE agus 2011/61/AE, Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 347, 28.12.2017, lch. 35, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/2402/oj).

([110]) Féach Airteagal 1, pointe (27), den mháistir-treoir atá beartaithe, lena leasaítear Airteagal 56(2) de Threoir GCUI.

([111]) COM(2025) 826 final, COM(2025) 825 final agus Ares(2025)4808223. Féach Tuairim CON/2025/35 ón mBanc Ceannais Eorpach an 11 Samhain 2025 maidir le (a) togra le haghaidh rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2402 lena leagtar síos creat ginearálta maidir le hurrúsú agus lena gcruthaítear creat sonrach maidir le hurrúsú simplí trédhearcach caighdeánaithe, (b) togra le haghaidh rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) 575/2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa a mhéid a bhaineann le ceanglais maidir le neamhchosaintí ar urrúsú, agus (c) dréacht-togra le haghaidh rialachán tarmligthe lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha incháilitheachta maidir le hurrúsuithe i maolán leachtachta institiúidí creidmheasa (IO C, C/2026/503, 23.1.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/503/oj).

([112]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 231/2013 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2012 lena bhforlíontar Treoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le díolúintí, coinníollacha ginearálta oibríochta, taiscí, giaráil, trédhearcacht agus maoirseacht (IO L 83, 22.3.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2013/231/oj).

([113]) Féach Airteagail 1, pointe (47), agus 2, pointe (21), den mháistir-treoir atá beartaithe, lena gcuirtear Airteagail nua 110b agus 110c, faoi seach, isteach i dTreoir GCUI agus Airteagail nua 47a agus 47b i dTreoir BCIM.

([114]) Féach Eurosystem response to European Commission's consultation on macroprudential policies for non-bank financial intermediation (NBFI), Samhain 2024, agus ESCB reply to the European Commission's targeted consultation on integration of EU capital markets, Meitheamh 2025, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin BCE ag www.ecb.europa.eu.

comhsheasmhacht, tráthúlacht agus cáilíocht na measúnuithe cobhsaíochta airgeadais a fheabhsú, chun tacú le beartais mhacrastuamachta a cheapadh agus meastóireacht a dhéanamh orthu, agus chun feabhas a chur ar an bhfaireachán ar sceitheadh trasteorann a d'fhéadfadh a bheith ann ([115]). Thairis sin, chuirfeadh rochtain den sórt sin deireadh leis an ngá atá le ceanglais tuairiscithe dhúblacha agus, ar an gcaoi sin, rannchuideodh sí le simpliú agus le laghdú ar ualaí tuairiscithe do rannpháirtithe sa mhargadh.

9. **Ionaid trádála**

Tacaíonn BCE leis na tograí ón gCoimisiún cumhachtaí maoirseachta díreacha a thabhairt do ESMA le haghaidh ionad trádála suntasacha a bhfuil gné thábhachtach thrasteorann ag baint leo. Cuideoidh maoirseacht dhíreach ar an leibhéal Eorpach le caighdeáin mhaoirseachta chomhsheasmhacha a áirithiú, rud a d'fhéadfadh, dá réir sin, cuidiú le cothrom iomaíochta a áirithiú agus aghaidh a thabhairt ar an leibhéal ard ilroinnte atá ann faoi láthair maidir le hionaid trádála san Aontas. Ina theannta sin, tacaíonn BCE le creat d'Oibreoirí Margaidh Uile-Eorpacha a chruthú faoi na tograí ón gCoimisiún ([116]). Ar deireadh, tacaíonn BCE le ceanglais rialála a aistriú ó MiFID go MiFIR, rud a chuirfidh teorainn le héagsúlachtaí náisiúnta i gcur i bhfeidhm dhlí an Aontais agus a laghdóidh bacainní dlíthiúla agus oibríochtúla a chuireann bac faoi láthair ar ionaid trádála seirbhísí a sholáthar thar theorainneacha. I dteannta a chéile, tacóidh na gnéithe sin de na tograí ón gCoimisiún le comhdhlúthú agus le comhtháthú trasteorann san earnáil, rud a chuirfidh, ar deireadh, le doimhneacht mhéadaithe an mhargaidh, le leachtacht agus le trédhearcacht mhargaí caipitil an Aontais.

I gcás ina molann BCE go ndéanfaí na tograí a leasú, leagtar amach tograí sonracha maidir le dréachtú i ndoiciméad oibre teicniúil ar leith a mbeidh téacs míniúcháin ag gabháil leis chun na críche sin. Tá an doiciméad oibre teicniúil ar fáil i mBéarla ar EUR-Lex.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 9 Aibreán 2026.

Uachtarán BCE
Christine LAGARDE

([115]) Féach mír 4 de Thuairim CON/2022/26.

([116]) Féach Airteagal 3, pointe (3), den mháistir-rialachán atá beartaithe, lena gcuirtear Teideal Ia nua isteach in MiFIR.